DAIR
DIAS Access to Institutional Repository

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

| | |
|---|---|
| Title | Éireannaigh, Fir Éireann, Gaeil agus Gaill |
| Creators | Ó hUiginn, Ruairí |
| Date | 2015 |
| Citation | Ó hUiginn, Ruairí (2015) Éireannaigh, Fir Éireann, Gaeil agus Gaill. In: Aon don Éigse. DIAS, Dublin, pp. 17-50. ISBN 978-1-85500-230-2 |
| URL | https://dair.dias.ie/id/eprint/422/ |

# Éireannaigh, Fir Éireann, Gaeil agus Gaill

*Ruairí Ó hUiginn*

AIDIACHT Ó BHUNÚS atá san fhocal *Éireannach*. 'Irish, pertaining to Ireland' a bhrí. Fearacht mórán gach aidiachta eile sa Ghaeilge, is féidir é a úsáid mar ainmfhocal agus nuair a dhéantar amhlaidh 'a native of Ireland' an chiall a ghabhann leis.[1] Ní mórán samplaí den fhocal seo atá san *Dictionary of the Irish Language*. Faoin gceannfhocal *Érennach*, tá dhá shampla ag an bhfoclóir as tráchtaireacht ar an téacs dlí *Uraicecht Becc* mar a bhfuil sé ag feidhmiú mar aidiacht agus é ag cáiliú an ainmfhocail *doér* 'person of unfree birth, a slave' i ngach aon chás acu.[2] Trí shampla atá tugtha d'*Érennach* mar léiriú ar a úsáid mar ainmfhocal 'native of Ireland', ceann as *Agallamh na Seanórach*,[3] ceann eile as *Annála Uladh*[4] agus an tríú sampla as *Foras Feasa ar Éirinn* le Séathrún Céitinn.[5] Más tearc líon na samplaí san fhoclóir, ní hiontas ceann as *Foras Feasa ar Éirinn* a bheith i measc an bheagáin sin, arae is focal é a chastar go minic orainn i scríbhinní an Chéitinnigh ní hamháin sa mhórshaothar staire aige ach atá le fáil freisin ina scríbhinní deabhóideacha[6] agus ina chuid filíochta.[7]

Bhí Céitinn ag scríobh ag tréimhse a bhí corraitheach agus cinniúnach i stair na hÉireann agus na hEorpa. De bharr na corraíle abhus a d'eascair as briseadh Chionn tSáile agus as an gconcas agus an phlandáil a lean, thug cuid mhaith saighdiúirí, sagart agus scoláirí an Mhór-Roinn orthu féin mar a

[1]Féach P. Russell *Celtic word formation. The velar suffixes* (Dublin 1990) 96.
[2]*AL* V, 110.2 & 12. = *CIH* 1617.22 & 23
[3]*Acall*. 1294.
[4]*AU* 1487.
[5]*FFÉ* i 8.
[6]Féach *TSh* 6058.
[7]'Éigceart na nÉireannach féin / do thrascair iad-soin d'aoinbhéim' (*Mo thruaighe mar tá Éire*, r. 10ab); féach B. Ó Cuív (eag.), 'Mo thruaighe mar tá Éire', *Éigse* 8/4 (1956-57) 302-8, ar lch 304.



DIAS-003.indb 17 9/2/15 9:16 PM

bhfuaireadar tearmann sna críocha Caitliceacha thall, na críocha sin a bhain le hImpireacht na Spáinne go háirid. Pé ar bith cé na toisí áitiúla a bhain le Cogadh na Naoi mBlian in Éirinn, ba chuid é de chogadh níb fhorleithne a bhíothas a throid san Eoraip, cogadh a raibh cúrsaí creidimh suite ina lár. Agus ní leis an gclaíomh amháin a bhí an cogadh seo á fhearadh, ó bhí tábhacht nár bheag ag baint le smaointe agus le scríbhinní. D'eascair tuairimí nua faoi fhéiniúlacht daoine agus tíortha as an gcath intleachtúil seo, tuairimí nár fhan muintir na hÉireann dall orthu, is follas.

San aois seo, nó sa chuid deiridh den aois roimpi, féadaimid suntas a thabhairt do thuiscint ar choincheap an náisiúnachais ag fás i measc mhuintir na tíre seo. Nuair a thráchtaimid ar náisiúnachas ag an am seo, ar ndóigh, ní hé náisiúnachas an stáit a tháinig chun cinn ag tréimhse níos deireanaí atá i gceist, ach leagan den choincheap a bhí fréamhaithe i gcúrsaí creidimh agus atharga.[8] Ag tús na seachtú haoise déag a chastar an téarma *náision* orainn den chéad uair sa Ghaeilge[9] agus ní hannamh ina dhiaidh sin an focal céanna in úsáid ag scríbhneoirí Gaeilge na linne, leithéid Aodha Mhic Aingil.[10]

Ina fhianaise seo, ní húdar iontais suim a bheith á cur ag scoláirí in úsáid mhinic an fhocail *Éireannach* ag Céitinn, staraí mór a linne agus duine a oileadh ar an Mór-Roinn.[11] Tá áitithe gur ghabh an focal seo brí ídéolaíoch ar leith chuige féin le linn na haoise sin agus muintir na tíre, idir Ghaeil agus Shean-Ghaill, ag teacht ar thuiscint nua ar a bhféiniúlacht mar náisiún Caitliceach tar éis an choncais. Sa réamhrá a chuir sé leis an athchló a chuaigh ar an bh*Foras Feasa* sa bhliain 1987, mar shampla, scríobh Breandán Ó Buachalla:

> The ideological mutation which the Irish political nation in general had undergone is tacitly assumed by Keating and forms the basis of his perspective: Charles 1 is 'our present King' (FFÉ i 208), whose legitimacy, and that of his father, can be confirmed by the traditional

[8]Maidir leis an gceist seo, féach J. Leerssen *Mere Irish and Fíor-Ghael. Studies in the idea of Irish nationality, its development and literary expression prior to the nineteenth century* (Cork 1996 [1986]) 15-31, agus M. Caball *Poets and politics. Reaction and continuity in Irish poetry, 1558-1625* (Cork 1998) 114-43.

[9]Is sa téacs *Imeacht na nIarlaí* atá an sampla is luaithe den fhocal; féach N. Ó Muraíle *Turas na dTaoiseach nUltach as Éirinn. From Ráth Maoláin to Rome* (Rome 2007) 27.

[10]Féach M. Mac Craith, 'The political and religious thought of Florence Conry and Hugh McCaughwell' in Alan Ford and John McCafferty (eds), *The origins of sectarianism in early modern Ireland* (Cambridge 2005) 183-202, ar lch 189.

[11]Maidir le beathaisnéis Chéitinn, féach B. Cunningham *The world of Geoffrey Keating: history, myth and religion in seventeenth-century Ireland* (Dublin 2000).

> validatory mechanisms of prophecy (FFÉ i 206-8) and genealogy (FFÉ ii 386); the inhabitants of Ireland are now designated as *Éireannaigh* (FFÉ i 4), not *Gaedhil*, and they comprise both native and 'Old English'; what obviously distinguishes those from the others — the heretical 'New English' — is their Catholicism (78).[12]

Ar ndóigh, ní sa seachtú haois déag a tosaíodh ar úsáid a bhaint as an bhfocal seo, agus sa mhórphlé aige ar cheisteanna féiniúlachta, eitneachais agus náisiúnachais i litríocht na Gaeilge, tá dírithe ag Joep Leerssen ar úsáid an téarma *tír na nÉireannach* sa dán dar tús *Anois tráth an charadraidh* le Gearóid mac Muiris, an Tríú hIarla ar Dheasmhumhain († 1398), ar de bhunadh na nGall é féin agus a mhair thart ar dhá chéad bliain roimh aimsir an Chéitinnigh. Sa séú rann den dán fógraíonn sé:

> Fuilngim tír na nÉireannach
> nach rachainn i gceann Ghaoidheal
> mina tíosadh éigeantas
> ó ríogh Shaxan dom laoidheadh.[13]

Ag tagairt dó don rann seo, deir Leerssen:

> The terminology is especially interesting in its use of the term *Éireannach*: the idea is that Desmond swears by a country which is possessed co-jointly by the Gaels and by Goill like himself, and he brings these two groups ... together under the term *Éireannach*, derived from the country they both inhabit, and defined as against yet another group: the Saxons with their king in London, those of the neighbouring island. This terminology not only begins to dissociate the Gaelicized Goill of Ireland from their English fellow-subjects, but in fact almost amounts to a geographical view of 'nationality' as distinct from the racial / genealogical one employed in the bardic system. It is, I think, by no means a coincidence that this view, which was later to prove an exact anticipation of seventeenth-century terminological and ideological developments, should be expressed by one in Desmond's hybrid position, by a non-Gaelic Irishman .... a similar usage of *Éireannach* reappears later in the work of

[12] B. Ó Buachalla, 'Foras Feasa ar Éirinn. Foreword to 1987 reprint' in *FFÉ* i 5.
[13] G. Mac Niocaill (eag.), 'Duanaire Ghearóid Iarla', *Studia Hibernica* 3 (1963) 7-59, ar lch 17.

> another non-Gaelic Irishman, Geoffrey Keating, where both *Gaedheal* and *Sean-Ghall* ('Old Foreigner') are subsumed under the common term *Éireannach*, from which the *Nua-Ghaill* ('New Foreigners') are explicitly excluded.[14]

Ar an gcuma chéanna, sa trácht aici ar an leas a bhaineadh Gaill áirithe as traidisiúin na Gaeilge agus ar an teagmháil a bhíodh acu leis an aos liteartha, díríonn Katharine Simms ár n-aire ar an bhfocal *Éireannach* a bheith in úsáid sna hannála chomh luath leis an mbliain 1419 le cur síos a dhéanamh ar bhuíon de 'Gaelic and Anglo-Irish soldiers fighting in France under Butler leadership'.[15]

Sa bhliain 1996 thug Ó Buachalla aghaidh ar an gceist seo an athuair.[16] An iarraidh seo rinne sé plé i bhfad ní ba mhionchúisí agus ba chuimsithí ar choincheap an Éireannachais sa litríocht agus mar a léiríodh é sin i bhfoclóir na teanga féin. Ag trácht dó ar úsáid an fhocail *Éireannach* i bhfoinsí atá níos luaithe ná aimsir an Chéitinnigh, d'áitigh sé gur 'coincheap geografúil' seachas coincheap eitneach a bhí ann sna foinsí sin fearacht téarma eile, *Fir Éireann*, a bhí in úsáid go coitianta sa tseanlitríocht le mórán an rud céanna a chur in iúl. Cé go bhféadfadh na téarmaí seo idir Ghaeil agus Ghaill a chuimsiú, níorbh ionann é, de réir an léimh a rinne seisean ar an bhfianaise, agus an bhrí eitneach a bheadh le baint as in aimsir an Chéitinnigh. Sna Meánaoiseanna deireanacha, dar leis, tosaíodh ar shéimeantaic an fhocail a leathnú chun idirdhealú nua a chur in iúl, agus ag an gCéitinneach ba idirdhealú é sin a rinneadh ar bhonn creidimh: 'san fhírtheist a bhí le tabhairt "ar Éireannchaibh", ba ghá a áireamh "a mbeith daingean i san gcreideamh Catoileaca"'.[17] Téarma eisiatach a bhí sa téarma *Éireannach* ag Céitinn, mar sin, mar nár chuimsigh sé na Nua-Ghaill a raibh an creideamh leasaithe acu.

Is spéisiúil an teoiric an méid seo, óir thabharfadh sé le tuiscint dúinn gur tháinig athrú brí ar an bhfocal *Éireannach* de bharr chúinsí polaitíochta agus creidimh na linne agus na smaointeoireachta a d'eascair as sin, agus gur

[14] *Mere Irish and Fíor-Ghael*, 169.

[15] K. Simms 'Bards and Barons: the Anglo-Irish aristocracy and the native culture', in *Medieval frontier societies*, eag. R. Bartlett agus A. MacKay (Oxford 1989) 177-97, ar lch 196. Féach sampla (70) thíos.

[16] *Aisling ghéar. Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn 1603-1788* (Baile Átha Cliath 1996) 73-83. Cuimsíonn an mórphlé seo scrúdú eile a rinne sé ar an gceist in alt leis a foilsíodh i 1990, 'Cúlra is tábhacht an dáin *A leabhrán ainmnighthear d'Aodh*', *Celtica* 21 (1990) 402-16, ar lgh 410-13.

[17] Ibid. 79.

ghlac sé an bhrí eisiatach eitneach seo chuige féin in áit na brí 'geografúla' a bhí aige roimhe sin.[18]

Bíodh gur minic an focal *Éireannach* in úsáid ag scríbhneoirí na séú agus na seachtú haoise déag, áfach, ní dóigh liom go bhfuil an léamh seo atá déanta ar an bhfianaise baileach chomh díreach ná chomh cruinn sin. Is éard a bheas á áitiú san aiste seo nach forás nua ar bith ag Céitinn ná ag duine ar bith eile de scríbhneoirí na linne an focal *Éireannach*, ach go bhfuil sé ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis an úsáid agus leis an mbrí a bhain leis ar feadh na gcéadta roimhe sin.

Thabharfadh laghad na samplaí in DIL den fhocal *Éireannach* le tuiscint gur focal é nach bhfuil teacht air go fairsing sna foinsí luatha, agus a fhad agus a bhaineann leis an tSean- agus leis an Meán-Ghaeilge, bheadh sin mórán ceart. Tá dhá théarma a úsáidtear sna foinsí luatha seo leis an gcoincheap leathan 'Irish' a chur in iúl, agus is iad sin *Goídil* agus *Fir Éireann*. Breathnófar anois ar gach aon cheann acu ina sheal.

## *Gael / Goídel*

Is fada aitheanta nach focal bundúchasach Gaeilge é *Goídel* ach gur iasacht ó theanga de chuid na Breataine é a bheadh ag freagairt don fhocal *Gwyddel* i mBreatnais an lae inniu, arbh é *gŵydd* (*fíad* na Gaeilge) 'wild' is bunús dó.[19] Leasainm drochmheasúil is cosúil, mar sin, atá ann a bhí ag na Breatnaigh ar mhuintir na tíre seo. Is é an bharúil a bhí ag David Greene gur eaglaisigh de chuid na Breataine a bhí ag obair in Éirinn sa séú haois a bhaist an t-ainm seo ar mhuintir na tíre,[20] ach níorbh iontas é dá mba thall sa Bhreatain, in áiteanna a raibh an dá phobal taobh le chéile, a úsáideadh an chéad uair é. Chomh maith lena bheith ag déanamh ionsaithe ar chósta thiar na Breataine, tá a fhios againn gur bhunaigh Éireannaigh cóilíneachtaí i dtuaisceart agus i ndeisceart na Breataine Bige, agus in oir-dheisceart na hAlban, sa cheantar ar ar tugadh Oirear Gaedheal (Earra-Ghàidheal). Níorbh éadóigh gur ar na

[18]Mheabhródh sé ar bhealach eile na focail a scríobh Theobald Wolfe Tone — bíodh go ndearna sé amhlaidh i gcomhthéacs a bhí éagsúil ar fad — breis is 150 bliain tar éis aimsir an Chéitinnigh: 'if the odious distinction between Protestant and Presbyterian, and Catholic, were abolished, and the three great sects blended together, under the common and sacred title of Irishman, what interest could a Catholic member of Parliament have, distinct from his Protestant brother sitting on the same bench, excercising the same function, bound by the same ties?' Féach *An argument on behalf of the Catholics of Ireland* (Dublin 1791) 42.

[19]*Geiriadur Prifysgol Cymru*, eag. R. J. Thomas, G. A. Bevan agus P. J. Donovan (Caerdydd 1967-2002) *s.vv*. *gŵydd, gwyddel*.

[20]D. Greene *The Irish language* (Dublin 1966) 11.

cóilínithe i gceann de na baill sin a tugadh an t-ainm a chéadóir agus gur ina dhiaidh sin a ghlac a muintir abhus leis.[21]

Ó thaobh na sanasaíochta, is ar fhuaim *u̯* a thosaigh an focal Ceiltise a thug *gŵydd* na Breatnaise agus *fíad* na Gaeilge araon dúinn, agus ón uair nach ndearnadh *gw* den fhuaim thosaigh seo sa Bhriotanais go dtí an seachtú nó an t-ochtú haois,[22] is léir gur iasacht réasúnta mall isteach sa Ghaeilge atá in *Goídel*.[23] Ní fios ar ghlac sé áit ainm eile a bhí ag muintir na tíre seo orthu féin roimhe sin. Is é an bharúil a bhí ag Greene ina thaobh seo nach raibh acu ach: 'regional or ethnic designations or circumlocutions such as *fir Érenn* "the men of Ireland"'[24] sular cuireadh an t-ainm uileghabhálach *Goídil* chun feidhme. Nuair a cuireadh, ba *Goídil* feasta iad muintir bhundúchasach na hÉireann, agus de réir mar a bhí a miotas náisiúnta á shaothrú agus á fhorbairt ag lucht léinn, rinneadh pearsa mhiotasach de Goídel Glas mac Niúil, agus tugadh le tuiscint gurbh é sinsear Ghael Éireann agus Alban é.[25]

Go praiticiúil, mar sin, b'ionann *Goídil* agus muintir na hÉireann uilig agus sinn ag trácht ar Éirinn sa tréimhse is luaithe sa stair, ach ó dheireadh na hochtú haoise ar aghaidh tháinig cor nua i saol an fhocail le teacht na

[21]Ní ghlacann John Koch leis go bhféadfaí an iasacht a thabhairt isteach sa Ghaeilge 'when the Irish were raiding Roman Britain and settling on its fringes in the fourth and fifth centuries' i ngeall nach raibh an t-athrú *u̯* > *gw* tarlaithe faoin am sin, dar leis. An tuairim atá curtha chun cinn aigesean gur ar leibhéal na litríochta mar chuid de mhiotas bunaidh a tugadh isteach ó cheantar Srath Cluaidh é; féach J.T. Koch 'On the origins of the Old Irish terms Goídel and Goídelc', in G. Evans, B. Martin & J. M. Wooding (eag.), *Origins and revivals: Proceedings of the First International Conference of Celtic Studies* (Sydney 2000) 1-15; J.T. Koch, *The Gododdin of Aneirin: text and context from Dark-Age North Britain* (Cardiff 1997) lxxvii. Is é barúil Sims-Williams, ar an taobh eile den scéal, 'The emergence of Old Welsh, Cornish and Breton orthography, 600-800: the evidence of archaic Old Welsh' *Bulletin of the Board of Celtic Studies* 38 (1991) 20-86, ar lch 72, n. 4, gur dheacair a chruthú gur tugadh an focal isteach sa Ghaeilge níos luaithe ná an t-ochtú haois. Ar ndóigh bhí an dá phobal taobh le chéile go ceann na gcéadta bliain tar éis na cúigiú haoise, agus d'fhéadfadh gur ag am éigin ina dhiaidh sin a glacadh leis an bhfocal iseach sa Ghaeilge.

[22]De réir Jackson, is thart ar an séú haois a thosaigh an forás *u̯* > *gw* ach nár tugadh go hiomlán chun críche sna teangacha Briotanacha é go dtí an t-ochtú haois. Féach K. H. Jackson *Language and history in early Britain* (Edinburgh 1953) 390-3 agus Sims-Williams 'The emergence' 72. Sa seachtú haois a tugadh chun críche é, de réir Koch 'On the origins', 3.

[23]Maidir leis an iasacht seo féach Paul Russell '"What was best of every language": the early history of the Irish language', in D. Ó Cróinín (eag.), *A new history of Ireland 1. Prehistoric and early Ireland* (Oxford 2005) 405-50, ar lch 408, agus Koch 'On the origins'.

[24]*The Irish language* 11. An tuiscint atá le baint as an iasacht seo isteach sa Ghaeilge i dtuairim F. J. Byrne 'the Irish had no common word for themselves until they came into contact with foreigners' *Irish kings and high-kings* (London 1973) 8.

[25]Féach, mar shampla, R. A. S. Macalister (eag.), *Lebor Gabála Érenn: the Book of the Taking of Ireland*. *ITS* 34 (London 1938) 34-7, §§15-16.

Lochlannach agus le forbairt an fhocail *Gall*. Focal é seo a chiallaigh i dtús ama 'duine ón nGaill' ach a ghlac an bhrí 'Lochlannach' nó 'eachtrannach' chuige féin le himeacht aimsire.[26] Úsáidtear é ag tagairt do na Lochlannaigh, ina dhiaidh sin do na hAngla-Normannaigh agus níos deireanaí arís do na Sasanaigh. Bíodh gurbh ionraitheoirí iad seo uilig ar dtús, de réir a chéile chuir gach dream acu fúthu sa tír, ghlac cuid mhór mhaith acu le teanga agus le nósanna na tíre, agus cé nár ligeadh an cúlra eitneach a bhí acu i ndearmad, ba bhuanchuid de phobal na hÉireann feasta iad.[27]

As sin go ceann na gcéadta bliain ina dhiaidh ba pháirtí ag an bhfocal *Goídel* an focal *Gall*. Ag an bpointe seo is féidir a rá go mbaineann toise láidir eitneach leis an téarma *Goídel*. Ainm é a bhain le 'one of the Milesian stock in Ireland and Scotland', mar a shainmhíníonn DIL é, ní hionann agus na Gaill nach raibh páirt beag ná mór acu i miotas bunaidh seo na nGael. Agus de bharr go raibh Gaeil sa dá thír, sonraíonn na hannála in amanna gurb iad *Goídil Éireann* atá faoi thrácht acu, ar mhaithe le hidirdhealú a dhéanamh idir iad agus *Goídil Alban*.[28] Ar an gcuma chéanna, ní hannamh tagairtí sna foinsí seo do *Ghaill Éireann*,[29] arís le hidirdhealú a dhéanamh idir an pobal gallda abhus agus Gaill ó Albain nó ó bhall éigin eile, agus taobh istigh d'Éirinn féadtar idirdhealú a dhéanamh idir Gaill ó cheantair éagsúla sa tír,[30] m.sh. Áth Cliath,[31] Corcaigh,[32] Luimneach,[33] Port Láirge,[34] Ulaidh,[35] Laighin,[36] Connachta,[37] Mumhain,[38] Midhe,[39] rud a dhéantar

[26]Féach *DIL s.v.*

[27]Bhí Gaill eile ann, ar ndóigh, nár ghlac chomh réidh sin leis an gcultúr Gaelach, go háirithe i gceantar an Pháil, agus a raibh féiniúlacht acu a bhí bunaithe ar chultúr an Bhéarla. Féach C. Lennon 'Richard Stanihurst (1547-1618) and Old English identity', *Irish Historical Studies* 21 no. 82 (1978) 121-43.

[28]M.sh *AU*[1] 1224, *AC* 1240.3, 1258.9, 16, *AI* 1268.3, *ALC* 1224, 1302.

[29]M.sh. *AU*[2] 853.2, *AU*[1] 1222, 1380, *AI* 1203.3, 1230.2, *ALC* 1224, 1225, 1234, 1264, 1268, 1269

[30]Féach freisin D. Ó Murchadha 'Nationality names in the Irish annals', *Nomina* 16 (1992-3) 49-70, ar lgh 64-6. Táim buíoch de Nollaig Ó Muraíle as m'aird a tharraingt ar an alt seo. Agus, ar ndóigh, dhéantaí idirdhealú idir Findgaill 'Norse' agus Dubgaill 'Danish' sna foinsí luatha, idirdhealú a chuirtear chun feidhme arís sa seachtú haois déag; féach Ó Buachalla, *Aisling ghéar* 82-3.

[31]M.sh. *AT* 976, 979, 1166, *AU*[2] 921.8, *AI* 1045.5.

[32]M.sh. *AI* 1196.6, 1209.6.

[33]M.sh. *AI* 1118.6, *AT* 1115, 1124, *ALC* 1200.

[34]M.sh. *AI* 927.2, 1002.4, *AT* 1175

[35]M.sh. *AU*[1] 1200.

[36]M.sh. *ALC* 1225, 1249.

[37]M.sh. *ALC* 1247, 1318, 1338, 1398.

[38]M.sh. *ALC* 1249, 1257.

[39]M.sh. *AC* 1422.24, *ALC* 1249.

corruair freisin leis na Gaeil nuair is mian leo Gaill an cheantair chéanna a fhágáil as an áireamh.[40]

Cé go gcastar orainn sna hannála agus i roinnt foinsí eile an téarma *Gall-Goídil*,[41] téarma a chuireann cumasc folaíochta nó cumasc de chineál éigin nó de chineálacha éagsúla idir an dá phobal in iúl, is gnách go mbíonn an dá ainm i gcodarsnacht lena chéile. A fhad is a bhain na hainmneacha seo le háitritheoirí na hÉireann, an té nár Ghael ba Ghall é, agus an té nár Ghall ba Ghael é. Dá bharr seo, is frása fíorchoitianta é *Gall ⁊ Goídel* a úsáidtear le hiomlán mhuintir na hÉireann nó le hiomlán mhuintir cúige nó ceantair in Éirinn a chur in iúl, m.sh.

(1) *Sloghedh la Flann m. Mael Ṡechlainn co n-**Gallaib** ⁊ **Goidelaib** AU*[2] 882.1.
(2) *Comthinol fer n-Erend eter **Gullu** ⁊ **Goedelu** AI* 1005.3.
(3) *⁊ ro gabsad .u. fichit laech etir **Gallu** ⁊ **Gaedelo** AT* 1088.
(4) *Tangatar Connachtaigh uile eitir **Ghallaibh** ⁊ **Gaoidhealaibh** ina aghaidh AFM* 1189.
(5) *Sluagad mor la hAed mac Cathail Crobdeirg cu Caslen Aird Abla hi crich Tetba, co ndeachadur arin caslen, gur losgetar ⁊ gura marbsatur cech aen fuaratur and du **Gallaib** ⁊ du **Gaidhelaib** AC* 1224.14.
(6) *gur'thinoil Mac Diarmata **Goill** ⁊ **Gaidhil** Connacht uile AU*[1] 1349.
(7) *Comthogbail do dhenum do Chathal h-Ua Concobuir ⁊ do Níall Ghelbuidhe ⁊ do lucht gacha coimeirghi d'a raibe acu, eter **Gallaibh** ⁊ **Gaidhelaibh** AU*[1] 1291.
(8) *Sluagadh le Connachtaibh, eter **Gall** ⁊ **Gaidhel**, sa Mumain AU*[1] 1334.
(9) *basedh conair choitchend **Gall** ⁊ **Gaoidel** gabháil tresan ccathraigh BAR* 26 §13.
(10) *as amhlaidh baoi an chrioch ina céide creach ⁊ caibden ag **Gallaibh** ⁊ ag **Gaoidelaibh** BAR* 32 §17.

In ainneoin theideal na tráchtaireachta staire *Cogadh Gaedheal re Gallaibh*[42] is san ord *Gall* ar dtús, agus *Goídel* ina dhiaidh atá tromlach mór na samplaí den fhrása seo ar fáil sna hannála agus i dtéacsanna próis, mar is léir ó na

[40] *AFM* 1281 (*G. Uladh uile agus Connacht*), 1394 (*G. Laighean*), 1395 (*G. Íochtair Connacht*), 1407 (*G. na Mumhan*).

[41] *AFM* 854, 856, 1154, 1209; *AU*[2] 1034.10, 1200; *Fél* 116.13, 184.28, *Acall*. 4560, 7591. Maidir leis an bhfocal seo féach *DIL*, *s.v. Gall* agus Ó Murchadha 'Nationality names' 66-7.

[42] Mheabhraigh an Dr Máire Ní Mhaonaigh dom nach bhfuil teideal an téacs le fáil sna lámhscríbhinní is luaithe, ach gur ag tréimhse níos deireanaí a tháinig sé chun cinn. Is faoin ainm *Cogadh Gall ré Gaedhealaibh* a bhí eolas ag Céitinn air; féach *FFÉ* iii 156.

samplaí thuas.[43] Tá toise liteartha nó stíle ag baint le comhshuíomh seo na bhfocal sa bhfrása, agus bíodh gur contrárthachtaí iad, tá siad ar aon dul leis na dúblóga comhchiallacha atá chomh forleathan sin sa Ghaeilge, leithéidí *gal* agus *gaisge*, *fleadh* agus *féasta*, *freasdal* agus *friothóladh, toisg* agus *turas*, mar a ndéanann na focail uaim le chéile agus gur faide de shiolla ar a laghad an dara ceann ná an chéad cheann. Frása fíorchoitianta a bhí in *Gall agus Goídel*, is léir.

*Fir Éireann*

Taobh leis an ainm *Goídil*, is téarma é *Fir Éireann*[44] atá le fáil go fairsing ó aimsir na Sean-Ghaeilge anuas go dtí an seachtú haois déag féin, m.sh.

(11) *Sluaigedh la Brían ⁊ la MaelSechlainn co **feraib Erenn** umpu, itir Mumain ⁊ Connachto ⁊ Laigniu ⁊ Gallu, co Dun Delgan a Conaillibh AT*1001.

(12) *Is andsin do éirghetar **fir Eirenn** uili um a rígh ar faithchi na Temhrach Acall*. 1752-3.

(13) *Slóighedh **fer nEreand** co h-Ath Cliath i naghaidh Maghnusa ⁊ Gall Lochlainne tangattar d'iondradh Ereann co ndernsat síth mbliadhna fri **feraibh Ereann** AFM* 1102.

(14) *Ceallach, mac Aodha, mic Maoil Iosa, d'oirdneadh i ccomharbus Phátraicc a togha **fher nEreann** AFM* 1105.

(15) *Tanic Patraic dochum nÉrend íar foglaim & ro baist **firu Herend** LU* 271-2.

(16) *Foccra Parlimenti do thabhairt d'**feraibh Ereann** dia fhorcongra for a maithibh a beith i mBealtaine do sonnradh i n-Ath Cliath uair battar urmhór **fear n-Erenn** umhal dia b-prionnsa co t-tangattar uile gnúis do gnuis lasan f-forcongra íshin go h-Ath Cliath AFM* 1585.

(17) ***Fir Éireann** más é a rathol / ionnarbadh na healathon GB* 18.33.

[43]San fhilíocht, ar ndóigh, athraíonn ord na bhfocal ar mhaithe le riachtanais mheadarachta a chomhlíonadh, m.sh. 'gerbh obar a bharr bealuigh / cogadh Gall ré Gáoidhealaibh' (*Abair riom, a Éire ógh* le Maolmhuire Bacach Mac Craith, r. 14cd) le hais: 'Cogadh Gaoidheal re Galluibh / imirt ar nguin ghallbhrannuibh' (*Aoidhe mo chroidhe ceann Briain* (*GB* 13.14ab)).

[44]Is mar *fir Érenn*, seachas *Fir Érenn*, a scríobhtar é seo de ghnáth, agus cé go dtabharfar an t-ainm sna samplaí atá cruinnithe anseo mar atá in eagráin na dtéacsanna ar bhain mé leas astu, is le ceannlitir, i.e. *Fir Éireann*, a scríobhfar sa tráchtaireacht agam é, tharla nach gnáthainmfhocal ach cuid d'ainm dílis an chine an focal *Fir*.

(18) *Bá tnúthach ⁊ ba hinfir in comracsa. condracatar* ***fir Herend*** *⁊ Alban LL* 37239-30.

(19) *Buí dochraiti mór for feraib Herend co forlethan ó Lochlannaib ⁊ o Danaraib... LL* 39322-3.

Cé go bhféadfaí *Fir Éireann* a aistriú focal ar fhocal mar 'men of Ireland' i mbunáite na samplaí thuas,[45] is léir gur téarma é a chuimsíonn an pobal uilig, fir agus mná, mar is follas ón sliocht seo i mo dhiaidh as an scéal Sean-Ghaeilge *Táin Bó Fraích*. Tar éis don laoch Ultach Conall Cearnach agus a bhuíon fear taisteal chomh fada leis na hAilp, castar bean orthu agus í ag fosaíocht chaorach. Cuireann sí forrán orthu agus leanann comhrá:

(20) *'Can dúib'? 'Di ḟeraib Hérenn' ol Conall. 'Nípu ṡirsan do ḟeraib Érenn ém tíchtain in tíre se. Di ḟeraib Érenn ém mo máthair-se' TBF* 341-3.

Bíodh nach mbeadh 'men of Ireland' neamhchruinn mar aistriúchán ar an gcéad dá shampla de *ḟeraib Érenn* anseo, ní móide go bhfeilfeadh a leithéid don sampla deireanach an áit ar bean *di ḟeraib Érenn* atá i gceist. Ba chruinne 'my mother was Irish' a thabhairt mar aistriúchán sa chás seo agus go deimhin (*do / di*) *ḟeraib Érenn* a aistriú mar 'Irish' sa dá chás eile.[46]

Ar an gcuma chéanna, tugtar le fios sa scéal *Bórama Laigen*, nach é an pobal fireann amháin atá i gceist le *Fir Éireann* ach gach uile ghin sa tír:

(21) *Co tancatar* ***fir Herend*** *chucai feraib mnáib sceo maccaib ⁊ ingenaib LL* 37645,

agus san abairt seo a leanas as *Serglige Con Culainn* ní móide gur leis an bpobal fireann amháin a bhain smacht an rí:

(22) *Ár bátar* ***fir Herend*** *cen smacht ríg forro fri re secht mbliadna iar ndith Conaire i mBrudin Dá Derca SC* 237-9.

Fiú más 'circumlocution' atá sa téarma *Fir Érenn*, 'the men of Ireland', mar atá áitithe ag Greene,[47] is déanmhas coitianta in ainmneacha treabhchais

[45] Agus go deimhin is gá sin a dhéanamh i roinnt cásanna, m.sh *noco n-acébá íarmothá / firu Érend nách a mmna LU* 309-10, cé gur cosúil gur ag imirt ar an téarma *Fir Éireann* atá an file anseo.

[46] Seo an tuiscint a bhí ag Meid a d'aistrigh an chéad dá shampla mar 'Iren' agus an ceann deiridh mar 'Irin'. Féach *Die Romanze von Froech und Findabair. Táin Bó Froích* (Innsbruck 1970) 62, agus 212 (nóta ar líne 316). Féach freisin *DIL s.v. fer* (d).

[47] *The Irish language*, 11.

DIAS-003.indb 26 9/2/15 9:16 PM

nó daoine é *Fir* + ainm áite (gin.), m.sh. *Fir Arda*, *Fir Asail*, *Fir Bhile*, *Fir Mhaighe Féne*, *Fir Ruis*, *Fir Thulach*.[48] In amanna is seanainm treabhchais san uimhir iolra a thagann i ndiaidh *Fir*, m.sh. *Fir Dhomhnann ~ Domhnainn*, *Fir Mhanach ~ Manaigh*.[49] Tá an déanmhas céanna le feiceáil in ainmneacha a shonraíonn réigiúin, m.sh. cúige, nó réimse níos fairsinge den phobal ná an treabhchas, m.sh. *Fir Bhreagh*, *Fir Mhidhi*, *Fir Mhumhan*, *Fir Bhréifne*, *Fir Chonnacht*, *Fir Theathbha*, *Fir Uladh*, agus, ní nach ionadh, baintear leas as freisin in ainmneacha a thagraíonn do phobail allúracha, m.sh. *Fir Alban*, *Fir Airir Gaidhel*.[50]

Sa tuairisc atá ag Annála Uladh faoi chath a bhris na Lochlannaigh ar na hAlbanaigh, ar na Breatnaigh agus ar na Sasanaigh sa bhliain 952, i.e.

(23) *Cath for Firu Alban ⁊ Bretnu ⁊ Saxonu ria Gallaibh AU*[2] 952.2,

tá an t-ainm *Firu Alban* ar aon chéim leis na hainmneacha 'náisiúnta' eile sa chuntas cé nach ionann déanmhas dóibh. Ainmfhocail san uimhir iolra iad *Bretnu*, *Saxonu* agus *Gallaibh*. I gcás *Firu Alban*, ní raibh ainm cine ná pobail san uimhir iolra a bhí bunaithe ar an ainm *Albu* (go dtí gur tháinig ann don ainm *Albanaigh*, ar ndóigh), rud a d'fhág nár mhór dul i muinín an déanmhais seo. Is é a fhearacht chéanna ag *Ériu* agus ag *Fir Éireann* é.

Cé gur téarma coitianta sa litríocht é *Fir Éireann*, fearacht *Fir Alban*, agus roinnt aimneacha eile ar dhaoine nó ar threabhchais, m.sh. Ulaid, Connachta, Laigin, is san uimhir iolra amháin a chastar orainn é. Go bhfios dom, ní bhaintear úsáid as leaganacha ar nós **Fer Érenn*, **Fer Alban*, **Fer Uladh, *Fer Laighean* nó a leithéid le tagairt a dhéanamh don duine aonair.[51] Dá mba ghá trácht ar dhuine amháin a bhain leis an bpobal, níor mhór dul timpeall air agus struchtúr eile a oibriú, de ghnáth trí úsáid a bhaint as an réamhfhocal rannaíoch *de* + tabharthach iolra, m.sh.

[48] *DIL s.v. fer* (d).

[49] Bíodh nach luann MacNeill an déanmhas seo sa phlé aige ar ainmneacha treabhchais ('Early Irish population groups: their nomenclature, classification and chronology', *PRIA* 29, Section C (1911-12) 59-114) is léir gur leis an aicme sin ainmneacha a bhaineann siad ón uair go maireann cuid díobh fós mar logainmneacha, rud a tharlaíonn minic go leor le hainmneacha treabhchais, m.sh. Fermoy, Fermanagh, Fartullagh.

[50] M.sh. *AU*[1] 1164.

[51] Tá tagairtí d'fhile darbh ainm Fer Muman sa téacs *Sanas Cormaic*, ach is ainm pearsanta seachas gnáthainmfhocal atá anseo. Féach O. J. Bergin, R. I. Best, K. Meyer & J. G. O'Keefe (eag.), *Anecdota from Irish manuscripts* 4 (Halle & Dublin 1906) 8, 40, 41, 53. Ar an gcuma chéanna tá Ben Muman le fáil mar ainm pearsanta (m.sh. *AC* 1464.7; *ALC* 1411, 1599), mar atá Ben Mide (m.sh. *AC* 1269.6, 1385.19, 1478.26) agus Ben Lagen (m.sh. *AI* 1256.1).

(24) *Cach fer do feraib Herend ataciched LL* 13559.
(25) *'de Ultaib damsa' ol se LU* 1219.
(26) *Rofetamar nín mera uaire is di Ultaib duit TBF* 362.
(27) *rafetamár is di Ultaib dó LU* 4873-4.
(28) *bá do Chonnachtaib Mugain LU* 4334.

Ag trácht dó ar an téarma *Fir Éireann*, agus á chur i gcomórtas leis an téarma *Éireannaigh,* deir Leerssen:

> It should be mentioned that the term *Éireannaigh* is quite distinct from the older term *fir Érenn*, 'the men of Éire'. To begin with, it is possible that mythological connotations were at work in this older term, and that *fir Érenn* were 'the men (of the tribal goddess) Ériu' much as *Tuatha Dé Danann* were 'the tribes of the goddess Danu'. Be that as it may, the term *fir Érenn* is generally used when referring to a pre-Norman context, within which it narrowly signifies the Gaels with even the possible exclusion of the Ulaid; as such it reinforces the idea that *fir Érenn* were Gaels, all Gaels and nothing but Gaels.[52]

Ní móide go mbeadh an fhianaise ag teacht lena bhfuil áitithe anseo. Ní slán, sa chéad áit, an chomparáid a dhéantar anseo idir *Fir Éireann* agus Tuatha Dé Danann. Logainm a thagraíonn d'áit fhisiciúil atá in *Ériu* agus pé ar bith cén bunús teanga atá leis an bhfocal féin,[53] forás tánaisteach a bhaineann le traidisiún an dinnsheanchais é ainm na bandé, Ériu, a dhíorthú as. Ní áit í Danu, ach pearsa a bhaineann go huile is go hiomlán leis an miotaseolaíocht.

Cé go n-úsáidtear an téarma *Fir Éireann* i dtéacsanna liteartha agus miotaseolaíochta, baintear leas as go fairsing freisin sna hannála le tagairt a dhéanamh do dhaoine agus d'imeachtaí stairiúla, ní hionann agus na Tuatha Dé Danann ar le réimse na litríochta agus na miotaseolaíochta amháin a bhainid. Mar a chonacthas romhainn, tá struchtúr an ainm *Fir Éireann* ar aon dul le struchtúr *Fir Alban*, *Fir Innsi Gall*, mar shampla, ainmneacha nach bhfuil 'mythological connotations' le cur i suim leo, beag ná mór. Is é a fhearacht chéanna ag *Fir Éireann* é. Ainm é seo a bhí ag muintir na tíre orthu féin.

[52]*Mere Irish and Fíor-Ghael* 395, n. 26.

[53]Maidir leis an gceist chasta seo, féach J. Rhys 'Etymological scraps', *Revue Celtique* 2 (1873-5) 188-96; J. Pokorny 'Der Name Ériu', *ZcP* 15 (1925) 197-203; T.F. O'Rahilly 'On the origin of the names *Érainn* and *Ériu*', *Ériu* 14 (1946) 7-28; J.T. Koch '*Ériu*, *Alba* and *Letha*: when was a language ancestral to Gaelic first spoken in Ireland?' *Emania* 9 (1991) 17-27; G. R. Isaac 'A note on the name of Ireland in Irish and Welsh', *Ériu* 59 (2009) 49-55.

Is fíor go ndéantar idirdhealú go pointe áirithe idir *Fir Éireann* agus na hUlaidh sa Rúraíocht.[54] Sa scéal *Táin Bó Cúailnge* tugann laoch cosanta Chúige Uladh, Cú Chulainn, aghaidh as féin ar *Fir Érenn* nó ar *ceithre chóiced* (*ollchóiced*) *Érenn* atá ag ionsaí a chúige. Mar shampla, nuair a éiríonn lena naimhde dul thairis agus é ag cosaint an átha, deir sé lena charbadóir:

(29) *Lodatar fir Hérend sechund i crích nUlad TBC-LL* 535-6.

I gcásanna dá leithéid, áfach, is éard atá i gceist leis an téarma *Fir Éireann*, mórshlua den chuid eile, nó den chuid is mó d'Éirinn atá ag cur in aghaidh na nUltach. Tabharfar faoi deara nach le Cúige Uladh amháin a chastar úsáid seo *Fir Éireann* orainn, cé gur leis is minice í Mar shampla, tá cuntas in Annála Uladh faoin mbliain 858 ar ionradh a rinne an Rí Maol Sechnaill *co feraibh Érenn,* ar Chúige Mumhan:

(30) *Mael Sechnaill m. Mael Ruanaigh* ***co feraib Erenn*** *do tuidhecht hi tire Muman co ndeisidh .x. n-aithci oc Neim, ⁊ a n-innred co muir fadess iar madmaim fora rriga oc Carn Lughdach AU*[2] 858.4.[55]

Is beaichte an cuntas atá ag Annála na gCeithre Máistrí ar an eachtra chéanna, sa mhéid is go dtugtar le tuiscint gurbh iad *Fir Éireann cenmotad Muimhnigh* a bhí i gceist:

(31) *Maol Seachlainn, mac Maol Ruanaidh,* ***co fferaibh Ereann cen mo tad Muimhnigh****, do dhol i ttíribh Mumhan co n-deisidh deich n-oidhche oc n-Emlidh. AFM* 856.[56]

Tá tagairtí sa scéal Rúraíochta *Táin Bó Fliodhaise*[57] do *Fir Éireann* a bheith ag dul *ar sluaiged ar cend tána bó Cuailngi an Ulltaibh*.[58] In áit eile sa scéal is ar Ailill Fionn, rí Connachtach, a thugann slua *Fir Éireann*, ar a bhfuil an

[54]Mar atá luaite ag Leerssen *Mere Irish and Fíor-Ghael* 395, n. 26.

[55]Maidir le samplaí eile de Fir Érenn a bheith ag cur in aghaidh cúige nó pobail taobh istigh den tír, féach freisin *AFM* 799, 1005, 1105, 1167; *AU* 1168.

[56]Féach freisin *AFM* 799 *(léirthionól fer n-Ereann ... cenmothat Laighin*), 1588 (*forgla fher n-Ereann cenmotá cóicceadh Uladh*).

[57]Eag. D. Mackinnon, 'The Glenmasan Manuscript', *The Celtic Review* Iml. 1 (1904) 3-16, 104-30, 208-28, 296-314; Iml. 2 (1905) 20-32, 100-20, 202-22, 300-12; Iml. 3 (1906) 10-24, 114-36, 198-214, 294-316; Iml. 4 (1907) 10-26, 104-20, 202-18.

[58]M.sh. *The Celtic Review* 2, 24 §87.

tUltach Fearghas mac Róigh, a n-aghaidh.[59] Ina cheann sin, is léir ó (20) thuas, mar a dtugann an laoch Ultach Conall Cearnach agus a bhuíon le fios gur de *feraib Érenn* iad, go gcuimsíonn an téarma muintir na hÉireann uilig, Ultaigh san áireamh.[60]

Ní don mhuintir ar Ghaeil iad amháin a dhéanann *Fir Érenn* tagairt. Áirítear Gaill, mar shampla, i measc an mhórshlua de *Feraib Ereann* a thionóil Brian Bóraimhe agus Maol Seachlainn sa bhliain 1001 le haghaidh a thabhairt ar Chonaille Muirtheimhne:

(32) *Do-dheachaidh Brian ⁊ Maol Seachlainn iarsin* ***co fferaibh Ereann*** *iompu etir Fhiora Midhe, Connachtaibh, Muimhnechaibh, Laighniu, ⁊* ***Gallaibh****, go rangattar Dun Dealga i Conaillibh Murteimhne AFM* 1001.

Ar an gcuma chéanna, nuair a thug Éadbhard 1, Rí Shasana, faoi Albain sa bhliain 1292, bhí Ricard a Burc agus Seón Fitz Thomas Mac Gearailt, ar de bhunadh na nGall iad ar aon, i measc *maithi fer n-Erenn* a bhí ar an mórshlua leis:

(33) *Morsluagh le righ Saxan i n-Albain .... Ocus dobadur maithi fer n-Erenn ar in sluagh sin, idon, Ricard a Burc, Iarla Uladh ⁊ Mac Gerailt, idon, Seón Fitz Tomus AU*[1] 1292.

Is ríléir mar sin gur téarma uileghabhálach é *Fir Éireann* a chuimsíonn muintir na tíre uilig idir Ghaeil agus na Gaill a bhí socraithe síos sa tír, téarma é a bhí in úsáid go forleathan sna meánaoiseanna agus a mhair anuas go dtí aimsir Chéitinn féin agus ina dhiaidh.

### *Éireannach*

Faoi mar a sonraíodh i dtús na haiste, is focal é *Éireannach* nach bhfuil le fáil go fairsing i dtréimhse na Luath-Ghaeilge. Is as *Acallam na Senórach* (c. 1200 AD) don sampla is luaithe in DIL, agus is ón mbliain 1487 don sampla atá tugtha as Annála Uladh. Tá ar a laghad sampla amháin eile in Annála Uladh ar luaithe ná sin é,[61] tá sampla luath eile in Annála Connacht,[62] agus roinnt eile

[59] M.sh. *The Celtic Review* 3, 126 §161.

[60] Ar an gcaoi chéanna, sa scéal Meán-Ghaeilge *Aided Guill meic Carbada* nuair a fhiafraíonn an laoch allúrach Goll mac Carbada de Laeg ainm an laoich a bhfuil sé leis, is é a fhreagra a thagann: 'C*u* C*hulaind* m*ac* Sual*taim* sund do ḟeraib Her*end*' *LL* 12688-9.

[61] *AU* 1315.

[62] Féach Simms 'Bards and barons' 196, agus sampla (70) thíos.

fós in Annála na gCeithre Máistrí, cé nach mór a bheith in amhras faoi na cinn ó na hannála seo, m.sh.

(34) *Is in mbliadhainsi ro faoidh an céd Celestinus Papa Paladius epscop dochum n-Ereann do shíoladh creidmhe d'**Eirennchoibh** AFM* 430.

(35) *Fedhlimidh, mac Criomhthainn, ri Mumhan, angcoire ⁊ scribhneóir ba deach d'**Erennchaibh** ina aimsir . . . Ba do bhás Feidhlimidh ro ráidheadh*:

*Dursan a Dhe d'Feidhlimidh,*
*tonn báis bá romh rod-báidhe,*
*Fo deara brón d'**Eirionnchaibh**,*
*nad mair mac Criomhthainn Cláire AFM* 845.[63]

Sa tréimhse luath, agus go deimhin anuas go dtí na hiontrálacha is deireanaí sna hannála, is é *Fir Éireann* an téarma is coitianta a úsáidtear ag trácht ar mhuintir na tíre.

Méadaíonn ar úsáid *Éireannach* sna foinsí tar éis na tríú haoise déag, áfach. Tá sé le fáil, mar shampla, i saothar na bhfilí Giolla Brighde Albanach (13ú hAois),[64] Seaán Mór Ó Dubhagáin (†1372),[65] Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (†1387),[66] Gearóid Iarla (†1398),[67] Tadhg Óg Ó hUiginn (†1448),[68] Tuathal Ó hUiginn (†1450)[69] agus castar i bhfad níos minice orainn é i ndánta le filí a bhí ina sea sa séú nó sa seachtú haois déag, leithéidí Thaidhg Dhaill Uí Uiginn,

[63]Féach freisin *AFM* 3656, 911, 1027, 1333. De bhrí gur sa seachtú haois déag a scríobhadh na hannála seo, ní fios go cinnte cé acu a sheas an focal *Éireannach* sna seanfhoinsí ar ar bunaíodh iad, nó an úsáid chomhaimseartha de chuid thiomsaitheoirí na n-annála atá i gceist. Is cosúil go nglacadh Míchél Ó Cléirigh agus an fhoireann scoláírí a bhí ag obair leis méid áirithe saoirse leis na foinsí a rabhadar ag baint leasa astu, rud a d'fhágfadh gur dóichí gur leo féin an téarma seo. Díol spéise gur *ad Scotos* atá san iontráil ag Annála Uladh atá ag freagairt do (34) agus gur *optimus Scotorum* a thugtar ar Fheidhlimidh san tuairisc in Annála Uladh atá ag freagairt do (35). Féach $AU^2$ 430, 847. Ní éadóigh gur aistriúchán ar an téarma Laidne an dá shampla seo. Maidir leis an gceist seo, féach A. Gwynn 'Cathal Óg Mac Maghnusa and the Annals of Ulster', *Clogher Record* 2/2 (1958) 370-84, ar lgh 373-6.

[64]*Tabhraidh chugam cruit mo ríogh*, eag. P. Walsh, *Gleanings from Irish manuscripts* (An dara heagrán, Dublin 1933), 113-5, r. 10d.

[65]*Triallom timcheall na Fódla*, eag. J. Carney, *Topographical poems* (Dublin 1943) l. 414.

[66]*Filidh Éireann go haointeach*, eag. E. Knott, 'Filidh Éireann go haointeach. William Ó Ceallaigh's Christmas feast to the poets of Ireland, A.D. 1351', *Ériu* 5 (1911) 50-69, ag 58 l.78, 62 l.148, 64 l.162.

[67]Féach n. 13 thuas.

[68]*Dá bhrághaid uaim i nInis* (*AiD* 14.28b); *Lá i dTeamhraigh ag Toirrdhealbhach* (*AiD* 20.30c); *Fuilngidh bhur léan, a Leath Coinn!*' (*AiD* 39.13d).

[69]*Íoc sa mbóraimhe ag cloinn Chuinn* (*AiD* 18.20b); *Ní deoraidh mise i Manainn* (*AiD* 23.34d).

Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird, Fhearghail Óig Mhic an Bhaird, Eochadha Uí Eódhasa, Fhear Flatha Uí Ghnímh. Taobh amuigh den fhilíocht seo, tá go leor samplaí d'*Éireannach*, mar ainmfhocal agus mar aidiacht le fáil sna hannála, agus i dtéacsanna próis a bhaineann le tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche.[70]

Is cosúil mar sin gur sa tréimhse seo a tháinig borradh faoi úsáid an fhocail, agus is minice a chastar orainn é agus sinn ag dul amach sa tréimhse chéanna. Ní mór a chur i suim, áfach, gur forás é seo — ainm pobail a cheangal le hainm tíre nó ceantair tríd an deireadh -*ach* a úsáid — nach leis an bhfocal *Éireannach* amháin a bhaineann sé. Forás forleathan é seo i dtréimhse na Meán-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge Moiche, a thosaigh, is dóigh, le húsáid aidiachtach an fhocail mar leasainm ag tagairt do dhuine aonair — go háirithe ag tagairt do dhaoine a bhí ar altramas i gceantair eile seachas an ceantar ar bhain siad leis — m.sh. *Aodh Albanach AFM* 939, *Uilliam Saxanach Mac Uilliam AU*[1] 1365, *Brian Breifnech mac Toirrdelbaigh h-Ui Concobair AU*[1] 1184, *Brian Luighnech AU*[1] 1181, *Donnchadh, mac Domnaill Midigh AU*[1] 1182, *Aedh Muimnech AU*[1] 1233, *Eoghan Connachtach AU*[1] 1359, agus a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin mar ainmfhocal, m.sh. *Albanach, Saxanach, Bréifnech, Midheach, Muimhneach, Connachtach* srl. Buntáiste a bhain leis seo go raibh téarma simplí anois ann le tagairt don duine aonair a bhain leis an treabhchas nó leis an réigiún agus nár ghá dul i muinín na timchainte.[71] De bhrí gur choibhneas fiarach a bhí idir leithéidí: *Bréifnech* (u.) : *Fir Bhréifne* (iol.); *Midheach* (u.) : *Fir Mhidhe* (iol.); *Muimhneach* (u.) : *Fir Mhumhan* (iol.); *Luighneach* (u.) : *Luighne* (iol.); *Connachtach* (u.) : *Connachta* (iol.) ; *Ultach* (u.) : *Ulaidh* (iol.), níorbh iontas go dtabharfaí an córas chun rialtachta trí leas a bhaint as foirm iolra an ainmfhocail — in áit na seandéanmhas — mar ainmneacha treabhchais, cúige, nó réigiúin, mar is léir ó na samplaí inár ndiaidh. Is faoi (a) a thugtar an seandéanmhas agus faoi (b) an déanmhas nua.

(36) **Luighne > Luighnigh**

(a) *Tadgg ⁊ Flathnia, duo filii Muirgusso, iugulati sunt o* ***Luighnibh****. Uastatio* ***Luighne*** *la Muirgus AU*[2] 810.3.

(b) *Cogadh mór isin bliadhain si eter Clainn Goisdelb ⁊* ***Luighnígh*** *⁊ innsaighidh do dhenamh do Clainn Goisdelb ar* ***Luighnecaibh*** *AU*[1] 1365.

[70]Nocht Meyer an bharúil gurb é an focal *Éireannach* atá faoi cheilt san fhoirm *Ergennawache* (i litriú an Bhéarla) atá le fáil sa *Chronicle of Scottish poetry* le John Wynton a scríobhadh sa cheathrú haois déag. Féach J. Pokorny (eag.) 'Nachlass Kuno Meyer', *ZcP* 13 (1921) 166-94, ar lch 192. Táim buíoch den Dr Feargal Ó Béarra as m'aird a tharraingt ar an tagairt seo.

[71]Mar atá léirithe le samplaí (24)-(28) thuas.

(37) **Gailenga > Gailengaigh**

(a) *Coscradh oinaigh Taillten for **Gailengaibh** la Concobur m. nDonnchada AU*[2] 827.5.

(b) *Aedh, mac Domnaill Caim, mic Mic Donnchaidh, do marbadh le **Gailengachaibh** AU*[1] 1493.

(38) **Connachta > Connachtaigh**

(a) *Tangadur imorro **Connachta** ⁊ Conmhaicne ⁊ Ui Bríuin AU*[1] 1159

(b) *do erghedar **Connachtaigh** ⁊ Muimnigh dochum na deabhtha ALC* 1235.

(39) **Laighin > Laighnigh**

(a) *Fo-rropartar **Laigin** dunadh Cerbaill AU*[2] 870.2

(b) *Tángatar beós **Laighnigh**, ⁊ Midhigh feibh ro forchongradh forra ón Iustis AFM* 1601.

(40) **Ulaidh > Ultaigh**

(a) ***Ulaid** do fássugud a tíre ar terca co n-dechatar ar cech leth fo h-Erind AI* 1005.2.

(b) *O'tcondcatur **Ultaig** ⁊ Alpanaig in ni-sin do lensat co tindesnach ant Iarla co Connderi AC* 1315.9.

(41) **Fir Mhumhan > Muimhnigh**[72]

(a) *Bellum eter **firu Muman** ⁊ Leith Cuinn ⁊ Laighniu AU*[2] 908.3.

(b) *Romarbsatur **Muimnigh** don dul sin Echmarcach Mac Brana*[*i*]*n, taisech Corco Achlann a Cill Cellaigh AU*[1] 1225.

(42) **Fir Mhidhe > Midhigh**

(a) *Roinedh for Connachta re **feraib Mide** in quo ceciderunt multi AU*[2] 829.4.

(b) *Maidhm síodha eittir **Midheachaibh** ⁊ Breifnechaibh AFM* 1136.

(43) **Fir Mhanach > Manachaigh**[73]

(a) *Crech la Cathalan, ri Fernmuighi for **Feraibh Manach**. Crech la **Firu Manach** focetoir co Loch nUaithne AU*[2] 1025.5.

[72]Tá *Mumu* ar aon dul le h*Ériu* agus le h*Alba* sa mhéid is nach ainm treabhchais atá ann ach ainm áite. Díol spéise go bhfuil an t-ainm *Muimhneach* le fáil níos luaithe agus níos minice sna hannála ná na hainmneacha eile in *-ach*; féach m.sh. *AU*[2] 732,12, 775.5, 837.8, 940.1, 1116.5; *AU*[1] 1159.3 (x2), 1125.4, ach fós is é *Fir Mhumhan* is coitianta sa tréimhse luath.

[73]Trí dhéanmhas atá le sonrú in ainm an phobail seo, *Monaigh / Manaigh > Fir Mhanach > Manachaigh*, féach T. F. O'Rahilly *Early Irish history and mythology* (Dublin 1946) 30-3. Tá a leithéid chéanna le feiceáil i bhforás an ainm *Domhnainn > Fir Dhomhnann > Domhnannaigh*.

(b) *Rucc iaromh mac Uí Raighilligh .i. Emann Ruadh mac Aodha mic Cathail ar na* ***Manchachaibh*** *sin AFM* 1512.[74]

(44) **Fir Bhréifne > Bréifnigh**

(a) *Cathroinidh re Flonn m. Mael Sechnaill cum suis filiis for* ***firu Breifne*** *AU*$^{2}$ 910.1.

(b) ***Breifnigh*** *ocus Oileallaigh do theacht i conne .H. Conchobhair Duinn ALC* 1385.

(45) **Cenél nEoghain > Eoghanaigh**

(a) *Slogad la* ***Cenel n-Eogain****, .i. la Domnall m. Aedho ⁊ la Niall m. Aedho co rolscath leo Tlachtgha AU*$^{2}$ 908.1.

(b) *Cocad aduathmur do ergi etir Toirrdelbach mac Neill Gairb meic Aeda h. Domnaill ⁊ ridamna na n****Eoganach*** *.i. Brian mac Enri Amreid h. Neill AC* 1401.26.

(46) **Cenél gConaill > Conallaigh**

(a) *Colman, mac Néill, do mharbhadh la* ***Cenel c-Conaill***. *AFM* 810.

(b) *Maoileachlainn mac Eoghain Uí Ruairc do mharbhadh la* ***Conallchaibh*** *AFM* 1410.

(47) **Muintir Eolais > Eolasaigh**

(a) *Donnchadh Ua Ruairc do marbhadh la* ***Muintir Eolais*** *h-i f-fiull. AFM* 1187.

(b) *Risdet Mag Raghnaill adhbhar taoisigh na n-****Eolasach*** *do écc tre ainmesair óil AFM* 1405.

Ní nach ionadh, tagann an déanmhas céanna chun cinn in ainmneacha 'náisiúnta' a bhaineann le pobail allúracha,[75] m.sh.

(48) **Saxain > Saxanaigh**

(a) *Bellum for* ***Saxanu*** *Tuaisceirt i Cair Ebhroc re n-Dubghallaib AU*$^{2}$ 867.7.

(b) ***Saxanaigh*** *do thecht a n-Erinn in bliadhain-si AU*$^{1}$ 1415.

[74] An seandéanmhas *Manachaibh* (< *Manaigh*) atá san iontráil atá ag freagairt dó seo in Annála Uladh (*AU*$^{1}$ 1512).

[75] Tá bailiúchán agus plé ar na hainmneacha seo agus tuilleadh ag D. Ó Murchadha 'Nationality names'.

DIAS-003.indb 34 9/2/15 9:16 PM

(49) **Breatain > Breatnaigh**
- (a) *Cath for Firu Alban ⁊* ***Bretnu*** *⁊ Saxonu ria Gallaibh AU*[2] 952.2.
- (b) *Iarla Mars do techt a nErinn co sochraiti moir lais do Saxaib ⁊* ***Bretnachaib*** *AC* 1423.7.

(50) **Fraincg > Francaigh**
- (a) ***Fraingc*** *do dul i n-Albain co tucsat mc. rig Alban leo i n-eitirecht AU*[2] 1072.8.
- (b) *ag* ***Frangcachaibh*** *do an buaídh an báire AU*[1] 1522.

(51) **Fir Alban > Albanaigh**
- (a) *Cath eter* ***firu Alban*** *⁊ Saxanu i torchradur tri mile do* ***Feraib Alban*** *AU*[2] 1054.6.
- (b) *Maidm mor i n-Ard Macha in bliadhain-si (.i. la feili Padraig do shunradh) for* ***Albanchaibh*** *AU*[1] 1502.

Mar chuid den fhorás leathan teanga seo a tháinig borradh faoi úsáid an fhocail *Éireannach*.[76]

Is díol spéise gur forás réasúnta mall é an deireadh *-ach* a úsáid go forleathan le hainmneacha treabhchais, ón uair go raibh an déanmhas seo le fáil le fada sa teanga agus go raibh sé in úsáid go fairsing in ainmneacha pearsanta, m.sh. *Ceallach*, *Muircheartach*, *Fógartach, Flaithbheartach* srl.[77] Bíodh go bhfuil samplaí luatha le fáil, leithéid *Muimhneach* atá réasúnta coitianta sna hannála,[78] a fhad is a bhain leis na hainmneacha treabhchais is iad na seandéanmhais a bhí chun tosaigh anuas go dtí aimsir na Meán-Ghaeilge.

Níor chuir an forás seo sa teanga na hainmneacha seanbhunaithe, ar de dhéanmhais eile iad, do leataobh ar an bpointe. Mhair an chuid ba mhó díobh ar feadh i bhfad le hais na bhfoirmeacha in **-***ach / -aigh* a bhí ag teacht chun cinn i gcaitheamh an ama.[79] Féach, mar shampla, na hiontrála seo a leanas sna hannála, mar a n-úsáidtear *Fir Alban / Albanaigh, Muimhnigh / Fir Mumhan*

[76]Tá teacht ar roinnt bheag samplaí luatha d'*Érennach* in úsáid mar ainm pearsanta mná agus fir, m.sh. *Érenncha ingine Murchada Mide* (ginideach), *CGH* 123 a 12 (lch 59) agus *Eirennach m. Eichin abbas Lethglinne AU*[2] 774.2.

[77]Féach Russell *Celtic word formation* 142-52.

[78]Féach n. 72 thuas.

[79]Tabharfar faoi deara gur gnáth an seandéanmhas nuair a úsáidtear ainm an treabhchais mar a bheadh logainm, m.sh. *soadh tar a ais don cur soin i n-Ultaibh AFM* 1599; *ní raibhe cill na tuaith i c-Connachtaibh AFM* 1225 (i.e. in áit *Ultachaibh*, **Connachtachaibh*).

agus *Saxanaigh / Saxain* taobh istigh d'aon sliocht agus iad ag tagairt don dream céanna daoine:

(52) *Bellum eter* ***fhiru Alban*** *⁊ Saxanu co remaidh for* ***Albanchu*** *AU*[2] 1006.5.
(53) *In lá deighenach, imorro, do erghedar Connachtaigh ⁊* ***Muimnigh*** *dochum na deabhtha, ⁊ tucsat co beodha bithnertmar,. . . . ⁊ do marbad sochaide d'****Feruibh Muman*** *annsin ALC* 1235.
(54) *Maidhm mor do thabairt du Ath Chonchubhair Fhailghi air* ***Shaxanachaibh*** *⁊ air in Iustís Saxanach. Ocus in íustis do cur air marbadh do na* ***Saxanaibh*** *AU*[1] 1537.

### *Fir Éireann* agus *Éireannaigh*

Maireann, mar an gcéanna, *Fir Éireann*, le hais *Éireannaigh* trí thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, agus ón uair go maireann, ní mór an cheist a chur an bhfuil difríocht ar bith le sonrú eatarthu, mar atá áitithe, nó an bhfuil siad ar aon dul leis na hainmneacha agus na déanmhais eile atá pléite, i.e. go nglacann an déanmhas nua áit an tseanchinn?

Ach an oiread le cine ar bith eile, is cinnte go raibh tuiscintí éagsúla féiniúlachta ag muintir na tíre seo. Sa chéad áit bhí féiniúlacht an fhine nó 'an dream ar díobh' an duine. Ina dhiaidh sin arís bhí féiniúlacht an treabhchais nó na tuaithe, (m.sh. Calraighe, Dealbhna, Muintir Eolais) nó oireachta (m.sh. Uí Néill, Méig Uidhir) agus níos faide amach bhí an fhéiniúlacht a bhain le cúige nó le réigiún, m.sh. Muimhneach, Ultach, Bréifnech, nó fós le haonad daonra a chuimsigh níos mó ná treabhchas amháin, m.sh. Cinéal gConaill. Bhí a thábhacht féin ag baint le gach aon cheann acu, ag brath ar an áit a raibh an duine nó an comhthéacs ina raibh sé ag ligean a aithne le duine eile. Ba chomhartha féiniúlachta aige ainm a fhine féin nuair a bhí sé taobh amuigh de nó nuair a bhí sé i gcodarsnacht le hainm fine eile. Ba chomhartha féiniúlachta dó ainm an treabhchais, nuair a bhí sé taobh amuigh de, nó nuair a bhí codarsnacht idir é agus treabhchas eile, agus ar aon dul, ba chomhartha féiniúlachta ainm an chúige nuair a bhíothas taobh amuigh de nó nuair a bhí codarsnacht le cúige nó réigiún eile.[80] Ba chomhartha féiniúlachta dó ainm

[80]Ba thábhachtach freisin an fhéiniúlacht eitneach a bhí ag duine, cé acu ba Ghael nó ba Ghall é agus, mar atá feicthe againn, d'fhéadfaí ceangal a dhéanamh idir eitneachas agus ceantar.

DIAS-003.indb 36 9/2/15 9:16 PM

mhuintir a thíre, *Fir Éireann*, nuair a bhí sé taobh amuigh d'Éirinn nó nuair a tháinig codarsnacht le daoine ó thír eile i gceist.[81]

De bharr, áfach, gur le *Fir Éireann* a bhain gach duine sa tír ní bheadh údar dá laghad lena úsáid ar mhaithe le hidirdhealú féiniúlachta a dhéanamh idir duine amháin agus duine eile taobh istigh d'Éirinn. Mar sin féin, tá feicthe againn gur féidir é a oibriú agus feidhm eile aige seachas ceann idirdhealaitheach, m.sh. le tagairt a dhéanamh do mhuintir na tíre uile nó do mhórchuid de mhuintir na hÉireann, gan bheann ar chodarsnacht nó ar thír ar bith eile samplaí (2), (7), (11), (13), (16), (18), (29-32) thuas. Is féidir an comhthéacs 'inmheánach' a thabhairt air seo. Cuirtear an comhthéacs seo i gcomparáid leis an gcomhthéacs 'seachtrach', i.e. nuair atáthar ag trácht ar dhuine nó ar dhaoine a bhaineann le hÉirinn in áit atá taobh amuigh den tír, nó nuair atá comhthéacs a bhfuil nó a bhféadfadh codarsnacht le pobal allúrach a bheith i gceist ann. Feidhm idirdhealaitheach nó eisiatach atá ag an téarma sa chás seo.

Sampla den chomhthéacs seachtrach é sampla (20) thuas. Fiafraíonn bean na gcaorach de Chonall Cearnach agus a bhuíon cérbh as iad, agus i ngeall gur ar an gcoigríoch atá siad agus nach fíos di a mbunús, *Di ḟeraib Hérenn* a bhfreagra, freagra a leagann béim ar an tír a mbaineann siad léi. Sampla eile (18) thuas mar a gcuirtear *Fir Érenn* i gcodarsnacht le *Fir Alban*, nó (19) mar ar leis na Lochlannaigh agus na Danair atá an chodarsnacht, agus (13) le Gaill Lochlainne.

An raibh an réimse chéanna feidhme ag *Éireannaigh*, an téarma nua a bhí ag teacht i dtreis, is a bhí ag *Fir Éireann*, an téarma seanbhunaithe? Is cosúil go raibh, cuid mhaith. Ón dá fhógra báis seo a leanas as Annála Connacht, tá an chuma ar an scéal go bhfuil *Fir Éireann* agus *Éireannaigh* ar aon dul le chéile:

(55) *Tomás h. hUiginn .i. oide* ***bfer nErenn*** *re dán, do dol d'ecc an bliadain-si AC* 1536.6.

(56) *Brian mac Ferguil Ruaid h. Uiginn, cend a fine fen ⁊ oide* ***Erennach*** *⁊ Albanach, mortuus est AC* 1476.5.

[81]Maireann tuiscintí den chineál seo i gcónaí; féach an méid seo a leanas ag Leerssen: 'in social traffic my local background is defined by my home village, Mheer, when I am in the company of people from other, nearby, villages; by home province, Limburg, when in the North of the Netherlands; by state citizenship (Dutch) when in Germany or France; and I pass as a European when in America. ... none of these identifications are mutually exclusive, and it is the variety of circumstances which in each case determines the choice of criterion by which the act of identification is performed', *Mere Irish and Fíor-Ghael* 22.

DIAS-003.indb 37 9/2/15 9:16 PM

Is amhlaidh atá an scéal freisin ag Tadhg Dall Ó hUiginn (1550-91). Ina dhán comhairleach do Bhrian Ó Ruairc, *D' fhior chogaidh comhailtear síothcháin*, baineann sé leas as *Fir Éireann* agus as *Éireannaigh* i bhfoisceacht cúpla líne dá chéile agus iad ag tagairt don aon dream amháin:

(57) 16. ***Fir Éireann*** *an uair fá gcluinfid*
*cogadh airdríogh Aolmhoighe,*
*ní bhia tír gan fhear a fhaghla*
*ar feadh Banbha braonghloine.*

17. *Éireóchaid leis líon a dtionóil,*
*tnúthach n-uilc na* ***hÉireannaigh****,*
*tairgfid Gaoidhil cor ré chéile,*
*go robh Éire ag éinearraidh.*[82]

Sa chás seo is léir gurb í an mheadaracht seachas an bhrí is ciontach le roghnú an dá théarma. In 16a tá (*Fir*) *Éireann* ag déanamh uama leis an bhfocal *uair*,[83] agus in 17b, tá comhardadh idir *Éireannaigh* agus *éinearraidh* (17d). Ní mór toise na meadarachta a chur i suim agus sinn ag breithniú samplaí as Filíocht na Scol óir is cosúil gurb é sin seachas difríocht ar bith sa bhrí is ciontach le téarma amháin a roghnú thar ceann eile. Mórán gach sampla d'*Éireannach* (*Éireannaigh*, *Éireanncha*, *Éireannchaibh*) atá le fáil i bhFilíocht na Scol is in áit an chomhardaidh atá sé, agus ní hannamh feidhm mheadarachta (uaim, comhardadh) a bheith ag *Fir* (*Fiora*, *Fear*, *Fearaibh*) *Éireann* chomh maith. Rogha a bhí ag an bhfile mar sin cé acu a mbainfí gaisneas as agus dá thoradh sin ní neamhghnách an dá théarma a bheith ag file in aon dán, mar atá ag Tadhg Dall thuas. Ar an ábhar sin, ní mór dúinn a bheith ar ár n-aire agus sinn ag iarraidh difríochtaí caolchúiseacha céille idir téarma amháin agus téarma eile a thabhairt chun cruinnis ar fhianaise an chineáil seo litríochta.

Difríocht bheag amháin atá le sonrú idir an dá théarma, áfach, nach bhfuil úsáid 'inmheánach' *Éireannach* chomh suntasach sin sna hannála nó i bhfoinsí eile i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, agus gurbh é an seantéarma, *Fir Éireann* is mó go mór fada a oibrítear san fheidhm seo.[84] Fágann seo gurb í an fheidhm idirdhealaitheach nó sheachtrach is tábhachtaí i gcás *Éireannach*, mar is follas inár ndiaidh.

[82]*TD* 16.16-17; féach freisin an plé ag Ó Buachalla air seo in *Aisling ghéar* 74-5.

[83]Chomhlíonfadh *Éireannaigh* in 16a riachtanas na huama mar an gcéanna.

[84]Tá seo fíorchoitianta i bhfógraí báis, m.sh. *Siodhraidh Ua Maol Conaire ollamh Shil Muireadhaigh cenn aibhe ⁊ aitis* ***fear n-Ereann*** *d'écc AFM* 1487, 1444, 1531, 1536, 1545.

Ag tús an scéil *Cath Finntrágha* insítear dúinn an fáth ar ionsaigh Dáiri Donn, 'rí an domhain mhóir', agus Bolcán, Rí na Fraingci, Éire.

(58) *feacht n-aon dá ndeachaid Finn mac Cumhaill ar innarbad a hÉrinn isin domhun mhór ⁊ do bhí thoir re bliadhan a n-amsaine ag Bolcán rí na Fraingci ⁊ ro élo bean ⁊ ingen rígh Frang leis ar tabairt comgrádha dóibh araen do ⁊ is tríd sin ro tinóileadar na sluaig ⁊ na socraide sin do theacht dá dhíghail ar* ***Érennchaibh****. Óir nírbo miadh nó maise leisna maithib sin tár ⁊ tarcaisne do tabairt don* ***Érennach*** *orrt[h]o CF* 23-30

Sa chás seo is ag breathnú ar Éirinn ón taobh amuigh atáthar. *Éireannaigh* na daoine a bhaineann leis an tír seo agus *Éireannach* atá in Fionn, an duine a bhfuil aghaidh a bhfraoich ag na Fraincgi air. Úsáidtear *Éireannaigh* agus *Fir Éireann* araon sa téacs seo mar ainmneacha ar mhuintir na hÉireann i gcomhthéacs ina bhfuil siad ag tabhairt a n-aghaidhe ar bhagairt ón taobh amuigh.[85]

Sa leagan Nua-Ghaeilge d'*Agallamh na Seanórach*, tá insint ar thuras a thug na Fianna go Críoch Lochlann, agus nuair a fhiafraíonn Rí Lochlann d'Fhionn cé hiad féin, is é freagra Fhinn air:

(59) *'****Éareannaigh*** [sic] *sinne uile, / do ráidh Fionn an flaith-ruire' AS* 2.III, 101.

freagra a mheabhraíonn an freagra ag Conall Cearnach in (20) thuas dúinn agus a leagann an bhéim arís ar an bhféiniúlacht tíre.

Is ar Scythia mar a raibh a bunáit ag an mbanlaoch Scáthach a thug Cú Chulainn a aghaidh le cumas gaisce a fhoghlaim sa scéal *Foghlaim* (*Oileamhain*) *Con Culainn*. Nuair a bhain sé ceann scríbe amach chuir *cethrar Eireannach* (*FCC* §15) a bhí ann cheana fáilte roimhe. *Macaómh óg Eirionnach* (§26) é Cú Chulainn agus é ar an gcoigríoch, agus bhí Scáthach ag teagasc gaisce *do chuid dona ridiribh Eirionnachaibh dobhi ina fochair* (§57). Ar an mbealach ar ais go hÉirinn do Chú Chulainn agus dá chuid compánach, sheasadar ar feadh tréimhse i ríocht Fhear gCat, agus nuair a fiafraíodh díobh cérbh iad féin *Buidhen de rideribh Eireannchaib sinn* (§65) a bhfreagra.

Tá an toise seachtrach seo go mór chun tosaigh sna samplaí uile d'*Érennach*, mar aidiacht agus mar ainmfhocal, atá tugtha in DIL. Sa tráchtaireacht ar

[85] Maidir le húsáid na dtéarmaí seo in *Cath Fionntrágha*, féach C. Breatnach, 'The historical context of Cath Fionntrágha', *Éigse* 28 (1994-5) 138-55, ar lgh 142-5.

*Uraicecht Becc*, mar a bhfuil plé ar an gcúiteamh is gá a íoc le cineálacha éagsúla daoine daora, déantar idirdhealú idir an *daer thairis* 'the unfree person from overseas' agus an *daer Érendach*:

(60) *Trian eneclainni don dœr thairis na ngrad nisil, ⁊ cetraimti dun dœr* ***erendach*** *CIH* 1617.21-2.[86]

Sa sampla as Annála Uladh atá tugtha in *DIL*, tá cuntas ar dhream d'Éireannaigh a bheith ag imeacht as an tír i gcabhlach de chuid na Sasanach:

(61) *Coblach mor do Shaxanachaibh do thecht a n-Erinn an bliadhain-si d'ínnsoighidh mic Diuíci Odhearc do bí ar innarbadh in tan-sin a cenn Iarla Cille-dara, .i. Geroid, mac Tomais Iarla. Ocus nar' mhair ar slicht na fola righ in trath sin acht in mac sin in Díuíce ⁊ rígh do gairm dhe Domnach in Spiruta Naeim, a m-baile Atha Cliath an tan sin. Ocus a ímtecht soir leisin cobhlach ⁊ moran do* ***Erenncaibh*** *do dhul leis soir, im derbrathair Iarla Cille-dara, .i. im Tomas, mac in Iarla ⁊ im Edbhard Pluingced, .i. Edbard Óg AU*[1] 1487.

Agus is é a fhearacht chéanna é sa sampla as *Acallam na Senórach* mar a bhfuil cur síos ar chath idir Éireannaigh agus allúraigh

(62) *Tucad in cath gach lái co cenn sectmaine ⁊ ro marbad cuic cét déc d'allmarchaib ⁊ d'****Eirennchaib*** *Acall.* 1293-4.

Is i gcomhthéacsanna den chineál mar a bhfuil toise láidir seachtrach i gceist a chastar an focal orainn sna hannála don chuid is mó, m.sh.

(63) *Indsaigid la clainn h. Conchobair Ruaid ⁊ la slicht Briain cona ngalloclaechaib ⁊ a n****Erennchaib*** *AC* 1465.2.
(64) *Cúicc céd* ***Eirendach*** *do dol a h-Erinn do chongnamh lá bainrioghain Shaxan i ccoccadh Flondrais AFM* 1586
(65) *ocus do brisedar ar O Néill an oidhche sin, ocus ro marbad móran dá muinnter etir Albanchaib ocus* ***Erennchaib*** *ALC* 1522.
(66) *do brisedh ar Ó Neill an oidhchi-sin ⁊ do marbad moran da muintir etir Alpanacaibh ⁊* ***Erennachaib****, et co hairighthi do marbad moran do Gallaib ⁊ do galloclaechaib Laigen ann AC* 1522.7.

[86]Féach freisin ibid. 1617.22-3, 28-32.

(67) *Delp Mure mirbhailech do bi a mBaile Atha Truim, dar creidedar* ***Erennaigh*** *uile re cian d'aimsir roime sin ⁊ do hslanaiged doill et buidhir ⁊ bacaig ⁊ gac aingces archena, do loscad le Saxanachaib AC* 1538.6.

(68) *Clann Duiphshith na h-Alban .i. Domnall Óg ocus Ferdorcha, cona mbraithribh, ocus cona coimchinel Albanach ocus* ***Erennach****, do dhul ar O Conchobair ndonn ar siobal innsoiged ALC* 1577.

(69) *Sirriam chundáe Sligigh .i. Brian mac Taidhg mic Briain mic Eogain h-I Ruairc, do dhul ar innsoiged co Breiffne h-I Ruairc, ocus* ***Erenduigh*** *ocus drong do Shacsanchaib do dhul lais. ALC* 1581.

Tá feicthe againn cheana go gcuimsíonn an téarma *Fir Éireann* áitritheoirí na tíre uilig, idir Ghaeil is Ghaill. Is é a fhearacht chéanna ag *Éireannach* é. In (61) tá cuntas ag Annála Uladh ar thuras a thug *moran do Erenncaibh* anonn go Sasana. Is faoi stiúir dheartháir Iarla Chill Dara agus duine de na Pluincéadaigh, i.e. beirt de phór Ghaill na hÉireann, a bhí an bhuíon seo. Tá a leithéid chéanna le sonrú in

(70) *Tomas Baccach mac Iarla Urmuman do dol i Saxanaib do congnam la Rig Saxan a n-agaid Rig Frangc ocht xx. x. fer cotuin deirg ⁊ ocht xx. x. fer cotuin glegil do Gallaib ⁊ do Gaidelaib uasli, ⁊ ni menicc dochuaidh a Saxanaib a comarmech-sin ⁊ a commaith do sluag .... co tanaig teidm galair guasachtaig forna h****Erennchaib*** *isin talmain anaichnig cur marbad mor dib AC* 1419.5.[87]

In iontráil fhíorspéisiúil in Annála Uladh faoi mbliain 1425, tuairiscítear Roger Mortimer a theacht go hÉirinn, duine a raibh coimhéad na nGall-Éireannach aige:

(71) *An Mortimer do thecht a n-Erinn an bliadhain-si: .i. Iarla o Mairsi ⁊ moran do Shaxanachaibh do thecht leis. ⁊ is ag an Iarla-sin do bí coimed righ Saxan ⁊ urmhoir na Fraíncci ⁊* ***na n-Gall Erennach*** *uile AU*[1] 1425.

Glacaim leis gur comhfhocal é seo ar nós *Gall-Ghaoidheal* agus go dtagraíonn sé d'Éireannaigh de bhunadh Gallda.[88]

[87]Maidir leis an sampla seo, féach Simms 'Bards and barons' 196. Féach freisin samplaí (33) agus (61) thuas mar a mbaintear leas as *Fir Éireann* agus *Éireannaigh* i gcomhthéacsanna a bhfuil Gaill i gceist iontu.

[88]Ní móide gur aidiacht é *Éireannach* sa chás seo, tharla go mbeifí ag súil leis go mbeadh sé faoi urú agus é ag teacht i ndiaidh ginidigh iolra.

Sampla gléineach den úsáid seo an dán molta *Taghaim Tómás ragha is róghrádh* a cumadh in ómós do Thomás Buitléir (1542-1612), deichiú hIarla Urmhumhan ar de bhunadh Gall é:

(72) *Fuair é d'áirdchéim Ridireacht Gáirtéir, / ainm nár ghnáth é ar* ***Éirionnach***.[89]

Níos faide anonn sa dán cuirtear i gcomórtas é le huaisle na dtíortha eile:

(73) *Iarlaí Sagsan, iarlaí Breatan / iarlaí pearsan Pléimeannach / iarlaí Lochlonn, iarlaí Sorcha, / iarlaí ordhruic' Égipte, / iarlaí Alban, iarlaí Fráingce / Iarlaí Spáinne spéarghloine, / ré ós réaltuin é ón méidsin / gnáth sin éad re h****Éirionnach***.[90]

Go hachomair, is focal é *Éireannach / Éireannaigh* ar tháinig borradh mór faoi i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche mar ar thosaigh sé ag glacadh áit an tseantéarma *Fir Éireann* de réir a chéile. Tá fáil air sna laochscéalta, san fhilíocht chlasaiceach agus sna hannála. Feidhm idirdhealaitheach nó eisiatach is mó a bhíonn aige nuair a bhítear ag cur muintir na tíre seo i gcodarsnacht le muintir tíre eile, agus is téarma é a chuimsíonn muintir sheanbhunaithe na tíre ar fad.

Céitinn agus scríbhneoirí eile ón seachtú haois déag

Focal é *Éireannach* a chastar go minic orainn i gcuntas Thaidhg Uí Chianáin ar thuras na nIarlaí chuig an Mór-Roinn.[91] Ní hábhar iontais go n-ainmneofaí na huaisle as ainm a dtíre agus iad i suíomh a raibh pobail agus náisiúin eile i gceist, m.sh.

(74) *Tig Coirinéal Francisco go líonmhaireacht do chaiptínibh Spáinneacha agus Eadáileacha,* ***Éireanncha*** *agus Flondrachacha* 90, 2.30.
(75) *Ní líonmhar a léigthear ann acht Spáinnigh agus* ***Éireannaigh*** *amháin* 160, 4.7.

[89]J. Carney (eag.), *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)* (Dublin 1945) 74, ll 1759-60.

[90]Carney, *Poems on the Butlers* 79, véarsa 18.

[91]N. Ó Muraíle (eag.), *Turas na dTaoiseach nUltach as Éirinn. From Ráth Maoláin to Rome* (Rome 2007).

Is é a fhearacht chéanna é ag Aodh Mac Aingil (*leaghthóir diadhachta a cColáisdí na mbráthar nÉirionnach a Lubháin*)[92] agus é ag scríobh ar an gcoigríoch, m.sh.

(76) *as ionann an peacadh luighi ré mnaoi n**Éirionnuigh** nó Shaxanaidh SSA* 2846-7.

Ní léir go bhfuil an focal in úsáid ag na scríbhneoirí seo ar bhealach ar bith atá éagsúil leis an gcaoi a raibh an focal in úsáid sna hannála agus i bhfoinsí eile leis na céadta anuas go dtí sin.

Cé mar sin atá ag Séathrún Céitinn in *Foras Feasa ar Éirinn*? Na téarmaí uile atá pléite againn go dtí seo, *Gaedhil*, *Fir Éireann*, *Éireannaigh*, tá gach aon cheann aige ina shaothar. Agus sinn ag trácht ar an téacs sin, níor mhiste dhá roinn a dhéanamh de, mar atá, an Díonbhrollach mar a bhfuil plé fada aige ar an údar ar scríobh sé an saothar, agus corp an tsaothair féin mar a bhfuil a insintsean ar stair na hÉireann anuas go dtí Gabháltas Gall.

Is i gcorp an Fhorais féin a chastar an téarma *Fir Éireann* orainn agus is é is dóichí ná a mhalairt gurbh é sin an téarma a bhí roimh Chéitinn sna foinsí ar bhain sé leas astu agus gurbh amhlaidh a choinnigh sé é. Mar sin féin, baineann sé úsáid freisin as *Gaedhil* agus *Éireannaigh* agus é ag tagairt d'áitritheoirí na tíre seo sa luathstair. Is suntasach gur sa chomhthéacs seachtrach, mar a bhfuil codarsnacht le pobal allúrach, a úsáideann sé *Éireannaigh*, m.sh.

(77) *Ionnus go raibhe aithidhe na hÉireann ag Easpáinneachaibh agus aithne na hEaspáinne ag **Éireannchaibh** FFÉ* ii 50.
(78) *ar mhéid an chaidrimh do bhí ag **Éireannchaibh** ré Frangcaibh FFÉ* ii 64.
(79) *gurab ionann nóis is béasa do Fhrangcaibh is d'**Éireannchaibh**. Cibé iomorro léighfeas Ioannes Bohemus san leabhar ro scríobh do bhéasaibh is do nósaibh an uile chinidh, do-ghéabha go follus ann nach ionann nóis náid béasa na bhFrangcach is na n-**Éireannach** anois ná i n-allód FFÉ* ii 66.
(80) *Is móide is ionchreidthe gach ní da ndubhramar do leith chaidrimh na mBreathnach lé h**Éireannchaibh** FFÉ* ii 70.
(81) *Dála Néill iomorro iar dtabhairt iomad do bhraighdibh na Breataine leis tig i nÉirinn go sluagh mór do Bhreatnachaibh agus d'**Éireannchaibh** 'n-a fhochair FFÉ* ii 402.

[92]*SSA*, leathanach teidil.

Ach an oiread le hÓ Cianáin agus Mac Aingil, ní léir go bhfuil an focal *Éireannach* in úsáid anseo ag an gCéitinneach le ciall ar bith eile seachas an chiall 'gheografúil' a bhí in úsáid sna hannála agus is i bhfoinsí eile de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche.

Mar mhalairtí ar a chéile a bhíonn *Gaedheal* agus *Éireannach* aige in amanna:[93]

(82) *Gibé adéaradh fós gurab cosmhail na Breathnaigh is na **Gaedhil** 'n-a nósaibh is 'n-a mbéasaibh ré chéile, óir mar bhíos an **Gaedheal** neamhchomhuightheach fá bhiadh do thabhairt i n-aiscidh uaidh, is mar sin bhíos an Breathnach; mar bhíos fós cion ag an **Éireannach** ar na seanchaidhibh, ar an aos dána, ar na bardaibh, is ar aos seanma na gcláirseach, bí a shamhail sin do chion ag an mBreathnach ar an druing céadna agus bíd mar sin cosmhail ré chéile i mórán do bhéasaibh oile; gidheadh ní suidhiughadh sin ar **Ghaedhealaibh** do thigheacht ón mBreatain acht is mó is suidhiughadh é ar aithidhe do bheith ag Breathnaibh i nÉirinn, amhail adubhramar thuas FFÉ* ii 68.

(83) *do bhí fós prionnsa oile ar an mBreatain ré linn an dara Henrí, Biradus mac Guinethi fá hainm dó, agus fá bean **Éireannach** a mháthair. Mar sin do bhíodh iomad caidrimh cáirdeasa is cleamhnasa idir **Ghaedhealaibh** is na Breathnaigh FFÉ* ii 72.

(84) *do réir a ndubhramar, Breathnaigh is **Éireannaigh** do bheith cosmhail ré chéile 'n-a mbéasaibh is 'n-a nósaibh FFÉ* ii 72.

Malairt é seo a bheadh ceart de réir na staire ón uair gur Ghaeil iad áitritheoirí na hÉireann ag an am a bhfuil sé ag trácht air,[94] agus is léir gurbh iad na Gaeil amháin a bhí i gceist aige leis an téarma *Éireannaigh* sa sampla seo a leanas:

(85) *Gibé do léaghfadh stair Hector Boetius do mheasfadh go saoileann sé gurab ó Ghaedheal éigin oile tángadar **Gaedhil** Alban seoch an Gaedheal ó dtángadar **Éireannaigh** FFÉ* ii 58,

[93] Is amhlaidh atá ina chuid filíochta freisin; féach M. Caball 'Patriotism, culture and identity: the poetry of Geoffrey Keating', in P. Ó Riain (eag.), *Geoffrey Keating's Foras Feasa ar Éirinn: reassessments* (London 2008) 19-38, ar lch 26.

[94] Agus corruair baineann Céitinn leas as Gaoidhil i gcomhthéacs seachtrach, m.sh. *As so is iontuigthe go gcleachtaoi lé **Gaedhealaibh** dul don Aifric da hargain*, *FFÉ* ii 396.

ó tharla gur shinsear do na Gaeil amháin agus nach do na Sean-Ghaill a bhí in Gaedheal Glas. Mar choincheap geografúil mar sin, i.e. áitritheoirí na hÉireann, atá *Éireannach* le tuiscint sa mhéid seo thuas.

Is i nDíonbhrollach an *Foras Feasa* is mó a bhaineann Céitinn feidhm as an téarma *Éireannach*, áfach, agus ní mór an cheist a chur: an bhfuil sé á úsáid sa chuid seo dá shaothar le ciall eile seachas an ceann geografúil atá le feiceáil sna samplaí thuas? Is é sin le rá, an bhfuil an dá chiall le baint as *Éireannach* mar atá sé ag an gCéitinneach? Ní dóigh liomsa é.

Sa Díonbhrollach, leagann Céitinn síos na fáthanna ar thug sé faoin saothar a scríobh. Tá an méid sin aige go beacht sa chéad alt:

(86) *Cibé duine 'san mbioth chuireas roimhe Seanchus nó Sinnseardhacht críche ar bioth do leanmhain nó do lorgaireacht, is eadh dhligheas cinneadh ar an slíghe is soiléire nochtas fírinne stáide na críche, agus dáil na foirne áitigheas í, do chur go soiléir síos: agus do bhrígh gur ghabhas rém' ais Foras Feasa ar Éirinn d' fhaisnéis, do mheasas ar dtús cuid d'á leathtrom agus d'á heugcómhlann d'eugnach; agus go háirithe an t-eugcomhthrom atá ag a dhéanamh ar a háitigtheoiribh, mar atáid na* ***Sean-Ghaill*** *atá 'na seilbh tuilleadh agus ceithre chéad bliadhan ó ghabháltas* ***Gall*** *i leith, mar aon re* ***Gaedhealaibh*** *atá 'na seilbh (beagnach), re trí mhíle bliadhan. Óir ní fhuil stáraidhe ó shoin i leith d'á scríobhann uirre nach ag iarraidh lochta agus toibhéime do thabhairt do* ***Shean-Ghallaibh*** *agus do* ***Ghaedealaibh*** *bhíd.*

*Bíodh a fhiadhnaise sin ar an dteist do-bheir Cambrens, Spenser, Stanihurst, Hanmer, Camden, Barclaí, Morison, Davis, Campion, agus gach Nua-Ghall eile d'á scríobhann uirre ó shoin amach, ionnus gur b'é nós, beagnach, an phroimpiolláin do-ghníd, ag scríobhadh ar* ***Éireannchaibh****. FFÉ* i 2, 4.

Nuair a thráchtann Céitinn ar na *Sean-Ghaill*, an dream dár díobh é féin, ar ndóigh, is ag trácht a bhíonn sé ar na daoine a dtugtar *Gaill Éireann* orthu i bhfoinsí eile, i.e. na Gaill sin a bhí buansocraithe agus bunaithe sa tír le fada. Bhíodar seo agus na Gaeil ina n-*áitigheoiribh* ar Éirinn, agus is dóibh a thagraíonn an t-ainm *Éireannach*. Is é an fáth a ndeachaigh sé i mbun pinn le freagra a thabhairt ar an drochtheist agus na maslaí ciníocha, dar leis, a thug Giraldus Cambrensis agus staraithe eile a lean sna sála air a bhí *ag iarraidh lochta agus toibhéime do thabhairt do Shean-Ghallaibh agus do Ghaedhealaibh*, an dá dhream a chomhairíonn sé mar *Éireannaigh*. Dearcadh seachtrach a léiríonn na staraithe seo ar mhuintir na hÉireann agus ar na hÉireannaigh agus tá seisean á gcosaint i gcoinne

DIAS-003.indb 45 9/2/15 9:16 PM

na n-ionsaithe seachtracha seo. Seo arís againn an tseanchodarsnacht *Éireannach* : *allúrach*.

Duine é Céitinn a raibh tuiscint mhaith a linne aige ar chúrsaí staire agus ar chúrsaí eitneachais.[95] San am a raibh sé i mbun pinn, bhí athrú mór tagtha ar Éirinn, idir rialtas agus dhaonra. Mar chuid de pholasaithe na dTúdarach an tír a thabhairt faoina smacht, rinneadh plandáil ar Laois agus ar Uíbh Failí, ar stráicí de Chúige Mumhan agus tar éis bhriseadh Chionn tSáile, rinneadh mórphlandáil ar Chúige Uladh faoi na Stíobhartaigh. Lean seo ar aghaidh sa seachtú haois déag, tráth ar tháinig cuid mhaith eile cóilínithe anall agus chuir fúthu in Éirinn. Ó lár na séú haoise déag ar aghaidh, mar sin, bhí pobal mór nua sa tír, na Nua-Ghaill. Pobal allúrach é seo a bhí éagsúil ina nósanna, ina gcreideamh agus ina dteanga. Pé ar bith cé mar a bhreathnaigh an pobal a bhí ann rompu orthu, is cinnte nár breathnaíodh orthu mar *Éireannaigh*.

Níl brí an téarma *Gall* féin saor ó chastacht, mar is léir ó stair an Chéitinnigh. Nuair a thráchtann sé ar na Nua-Ghaill, is ar na staraithe gallda a lean Giraldus Cambrensis atá sé ag cuimhneamh: Spenser, Stanihurst, Hanmer, Camden, Barclaí, Moryson, Davis, Campion agus daoine nach iad.[96] Cuid díobh seo, ba Shasanaigh iad, leithéidí Edmund Spenser, Fynes Moryson agus Edmund Campion a tháinig anall as an mBreatain agus a chaith seal in Éirinn. Cuid eile, leithéidí William Camden nó Johannes Barclay, ní léir gur leagadar cois riamh sa tír. Is cuma iad a bheith in Éirinn nó sa Bhreatain, an nasc a bhí idir na Nua-Ghaill seo, an dearcadh, diúltach, naimhdeach a bhí acu ar an tír seo agus a muintir, dearcadh a bhí bunaithe cuid mhaith ar *Topographica Hibernica* agus *Expugnatio Hibernica* le Giraldus Cambrensis a bhí mar 'tarbh tána' acu.[97] I gcomhthéacs dá leithéid is spéisiúil go n-áiríonn sé Richard Stanihurst (*do bhí fuathmhar d'Éireannchaibh; agus mar sin, níor bh'ionghabhtha a theist ar Éireannchaibh*[98]) ina measc, bíodh gur duine é a raibh a shinsir ag cur fúthu in Éirinn ón gceathrú haois déag ar aghaidh agus a bhí lán chomh 'daingean i san

[95]Ó Buachalla, '*Annála Ríoghachta Éireann* is *Foras Feasa ar Éirinn*: an comhthéacs comhaimseartha' *Studia Hibernica* 22-3 (1985) 59-105.

[96]M.sh. *Bíodh a fhiadhnaise sin ar an dteist do-bheir Cambrens, Spenser, Stanihurst, Hanmer, Camden, Barclaí, Morison, Davis, Campion, agus gach Nua-Ghall eile d'á scríobhann uirre FFÉ* i 2, 4; *ní haoin-nídh dhíobh so lorgairthear le croinicibh Nua-Ghall na haimsire seo FFÉ* i 6; *Cuirfeam síos ann so beagán do bhreugaibh na Nua-Ghall do scríobh ar Éirinn ar lorg Chambrens FFÉ* i 12; *Ní leanta dhúinn do bhreugnughadh na Nua-Ghall so nídhsa-mhó FFÉ* i 74; *gach breugrughadh d'á ndéinim ar Chambrens, agus ar na Nua-Ghallaibh seo leanas a lorg FFÉ* i 76; *díommoltar an fhoireann leis gach Nua-Ghall-stáraidhe d'á scríobhann uirre FFÉ* i 76.

[97]Féach Ó Buachalla, *Aisling ghéar* 71.

[98]*FFÉ* i 36.

gcreideamh Catoileaca' is a bhí Éireannach — Gael nó Sean-Ghall — ar bith.[99] Is dream iad muintir Stanihurst, áfach, a bhí lonnaithe sa Pháil, a raibh dlúthbhaint acu le tiarnas Shasana in Éirinn agus nár ghlac leis an nGaeilge ná leis an gcultúr Gaelach. Is ar chultúr an Bhéarla a bhí a bhféiniúlacht bunaithe, níorbh ionann agus muintir Chéitinn nó teaghlaigh eile de phór na Sean-Ghall. Mar chine coimhthíoch a bhreathnaigh Stanihurst ar na Gaeil agus ar a gcultúr ina chuid scríbhinní[100] agus ní hiontas go n-áireodh Céitinn i measc na n-allúrach é, bíodh gurbh fhada a mhuintir ag áitriú na tíre.

Nuair a thráchtann Céitinn ar an gCaitliceachas a bheith mar theist ar Éireannaigh, is i gcomhthéacs na staire a dhéanann sé sin agus é ag iarraidh a raibh á áitiú ag staraithe na Nua-Ghall i leith na hÉireann a bhréagnú. Cine barbartha neamhshibhialta a bhí sna Éireannaigh de réir na staraithe seo, ach chuir Céitinn roimhe a léiriú go raibh na Gaeil chomh huasal, léannta, Caitliceach is a bhí pobal tíre ar bith eile a raibh meas aige orthu:

(87) *Dá dtugadaois, trá, a bhfír-theist féin ar* ***Éireannchaibh****, ní fheadar creud as nach cuirfidís i gcoimhmeas re haoin-chineadh 'san Eoraip iad i dtrí neithibh, mar atá, i ngaisgeamhlacht, i léigheantacht, agus i n-a mbeith daingean i san gcreideamh Catoileaca*. *FFÉ* i 76, 78.

Nuair a luann Céitinn *gaisceamhlacht*, *léigheantacht* agus *a mbeith daingean i san gcreideamh Catoileaca* mar chomharthaí cine ag na hÉireannaigh, ní ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na Nua-Ghaill eile a atá sé ach ag léiriú go raibh muintir na hÉireann chomh maith céanna le cine ar bith eile san Eoraip. Ní fhéadfaí, fiú, an creideamh a úsáid le hidirdhealú a dhéanamh idir Éireannaigh agus Nua-Ghaill, ó bhí an creideamh céanna ag cuid de na Nua-Ghaill is a bhí ag na hÉireannaigh, leithéidí Stanihurst, nó Edmund Campion a fuair bás mar mhairtíreach ar a shon. Is de bharr gur chine allúrach iad a tháinig thar muir isteach a bhí idirdhealú le déanamh idir iad agus Éireannaigh. Ar an gcuma chéanna, bíodh gur Chaitlicigh agus Gaeil a bhí sna Gallóglaigh a tháinig le troid ar son cuid de na taoisigh Éireannacha sa séú haois déag agus go raibh ceangal sinsir agus pósta ag roinnt acu le Gaeil abhus, ba allúraigh fós iad, dream éagsúil leis na hÉireannaigh, mar is léir i samplaí (63), (65), (67-8) thuas.

Is fíor gur minice an focal *Éireannach* a bheith in úsáid san fhilíocht agus i dtéacsanna próis ón séú haois déag ar aghaidh. Dhá údar atá leis seo,

[99]Maidir le cúlra Stanihurst féach Lennon 'Richard Stanihurst' agus Lennon *Richard Stanihurst the Dubliner 1547-1618* (Dublin 1981) 1-23.

[100]Cé gur mhaolaigh sé air seo ina scríbhinní deireanacha; féach Lennon *Richard Stanihurst* 88-98.

feictear dom. Ar an gcéad dul síos, bhí úsáid an fhocail ag fás i gcónaí ó tosaíodh ar fheidhm a bhaint as na céadta bliain roimhe sin agus i bhfad na haimsire chuirfeadh sé an seantéarma *Fir Éireann* do leataobh. Ní hiontas é a bheith ar fáil níos minice dá bharr i bhfilíocht na seachtú haoise déag ná i bhfilíocht na tríú haoise déag. Sa mhullach air sin, tá i bhfad Éireann níos mó d'Fhilíocht na Scol ar marthain ón tréimhse dheireanach ná ón tréimhse luath. Sa dara háit, ba mhór i gceist an toise seachtrach in Éirinn sa séú agus sa seachtú haois déag, lena raibh d'fhás ag teacht ar an bpobal allúrach, idir Ghallóglaigh,[101] shaighdiúirí Sasanacha, chóilínithe agus dhaoine eile ag teacht anall agus ag cur fúthu sa tír nó ag troid i gcogaí na hÉireann. D'fhág seo gur mhó i gceist a bhí an chodarsnacht *Éireannach : allúrach* ag an bpointe sin ná ag amanna eile.

Is sa chomhthéacs seo a úsáideann Fear Dorcha Ó Mealláin an focal sa tráchtaireacht aige ar an gcogadh in Éirinn idir na blianta 1641 agus 1647, comhthéacs ina bhfuil na hÉireannaigh i gcodarsnacht leis na Sasanaigh agus na hAlbanaigh, m.sh.

(88) *Tāngadur Sasanaigh as an gcathraigh agus gunna mōr i gcartaigh idir na turpaidhe. Tugadar na h**Éirionnaigh** ēirghe athlamh orra 'na n-aghaidh Cín Lae Ó Meall.* 7.33-8.1.
(89) *Tānic Edurd Bon Roo cheithre mīle as Alboin, agus do ghabhsat tír i dTrian Conghail. Bādur [ag] losgadh 's a' creachadh na n**Ēirionnach*** 10.24-6.
(90) *Do cruinnigheadh a roibh d'Albonachaibh, do Shasanachaibh, agus a roibh d'**Ēirionnachaibh** ar ceathramh[a] aca i [g]Cōigeadh Uladh ar aon shluagh leosan do dhībirt na n**Ēirionnach** go huilidhe* 28.4-6.

Baineann Ó Mealláin leas freisin as an seantéarma *Fir Éireann* le mórshlua de mhuintir na hÉireann a chur in iúl:

(91) *Do rinneadur **fir Ēirionn** comhairle parlameint agus Comhairle do bheith i gCill Cainnigh* 17.15-6.

Tá gnéithe eile d'fhoclóir agus de théarmaíocht Uí Mhealláin arbh fhiú plé a dhéanamh orthu, ach níor mhór tabhairt faoi sin in aiste eile.

Bhí Céitinn, Ó Mealláin agus scríbhneoirí eile ag trácht ar shaol ina raibh athruithe móra ag teacht ar thuiscintí agus ar dhearcadh maidir le

[101]Maidir leis na Gallóglaigh a bhí in Éirinn sa tréimhse, féach G.A. Hayes-McCoy *Scots mercenary forces in Ireland (1565-1603)* (Dublin 1937).

féiniúlacht agus náisiúnachas, agus tuiscintí nua ag teacht chun cinn de bharr na hAthbheochana agus an Reifirméisin. Bhí go leor de mhuintir na hÉireann gníomhach ar an gcoigríoch, mar a raibh siad ag teagmháil le pobail nó le náisiúin éagsúla, Spáinnigh, Francaigh, Iodálaigh agus eile. Abhus in Éirinn bhí orthu aghaidh a thabhairt an athuair ar phobail allúracha — Sasanaigh agus Albanaigh an iarraidh seo — a bheith ina measc. Sa dá shuíomh níor bheag an gá a bhí acu a bhféiniúlacht a chur in iúl agus idirdhealú a dhéanamh idir iad féin agus na ciní eile seo. Bhaineadar leas, mar sin, as an téarma Gaeilge a bhí i gcúrsaíocht acu, agus i gcúrsaíocht le fada roimhe sin, is é sin, *Éireannaigh*.[102]

[102] Táim buíoch d'eagarthóirí an leabhair as roinnt moltaí a dhéanamh ar dhréacht den aiste seo agus as tagairtí breise a chur ar mo shúile dom. Mise amháin atá freagrach as marach nó easnamh ar bith dá bhfuil fágtha uirthi.